GA 2022

26

Tuarascáil speisialta

Staidreamh Eorpach

Tá an fhéidearthacht ann chun an cháilíocht a fheabhsú tuilleadh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Ábhar

	Alt
Achoimre Feidhmiúcháin	I-X
Réamhrá	01-11
Is ionann eolas agus cumhacht: Ról staidrimh oifigiúil	01-03
An creat dlíthiúil maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh	04-07
Rialachas ar an gCóras Staidrimh Eorpach	08-11
Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta	12-20
Barúlacha	21-89
Chomhlánaigh straitéis agus cláir na hionchais, ach ní raibh díriú leordhóthanach ar nuálaíocht agus níor freastalaíodh ar riachtanas uile úsáideoirí	21-34
Chomhlíon pleananna agus cláir straitéiseacha na hionchais institiúideacha ach bhí siad easnamhach maidir le dul chun cinn a thomhas	22-23
Ní fhreastalaítear go hiomlán ar riachtanais úsáideoirí agus tá bearnaí sonraí fós ann	24-29
Níl foinse oiriúnach ag cistiú staidrimh an Aontais, agus ní thugann sé tosaíocht leormhaith ar thionscadail nuálaíochta	30-34
Cuireann Eurostat córais staidrimh náisiúnta ar fáil le tacaíocht chuí, ach tá laigí sa mheasúnú agus scaipeadh fós ann	35-69
Cuireann Eurostat tacaíocht iomchuí ar fáil d'fhorais náisiúnta staidrimh;	38-39
Níl tuairisciú cáilíochta na mBallstát comhchuibhithe ná doiciméadaithe go hiomlán	40-43
Níor áirithigh measúnú cáilíochta Eurostat iontaofacht sonraí go hiomlán	44-56
Táscairí comhchuibhithe faisnéise agus faireachán easnamhach sa tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle	57-58
Ní dhéantar comhchuibhiú leordhóthanach ar nósanna imeachta scaipthe	59-63
D'fhéadfadh rochtain réamheisiúna an comhionannas a chur i mbaol agus sceitheadh faisnéise a chumasú	64-69

Níor baineadh leas iomlán as an bhféidearthacht go bhféadfadh athbhreithnithe piaraí feabhsuithe a bhaint amach **70-89**

Tá dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún leis an gcuid is mó de mholtaí athbhreithnithe piaraí **71-75**

Tá measúnú Eurostat ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí feabhsúcháin athbhreithnithe piaraí ag na Ballstáit bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach i measc na n-údarás staidrimh den chuid is mó **76-82**

Tháinig feabhas ar dhearadh athbhreithnithe piaraí thar thréimhse ama ach tá easnaimh mhóra fós ann **83-89**

Conclúidí agus moltaí **90-103**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Staidreamh oifigiúil i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19

Iarscríbhinn II – Gníomhaíochtaí staidrimh roghnaithe

Iarscríbhinn III – Samplaí de threoir staidrimh idirnáisiúnta, moltaí agus dea-chleachtais

Iarscríbhinn IV – Liosta de na tionscadail a roghnaítear don iniúchóireacht

Iarscríbhinn V – Roghanna malartacha á lorg chun sonraí níos tráthúla ar bhásanna COVID-19 a fháil

Iarscríbhinn VI – Moltaí ESGAB, 2014 agus 2021

Iarscríbhinn VII – Achoimre ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin ón bhforas náisiúnta staidrimh – stádas an 31 Nollaig 2019

Iarscríbhinn VIII – Cumhdach Córais Staidrimh Náisiúnta sa tríú bhabhta d'athbhreithnithe piaraí

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre Feidhmiúcháin

I Is earra poiblí é staidreamh oifigiúil arb é is aidhm leis cur síos a thabhairt ar fheiniméin eacnamaíocha, dhéimeagrafacha, shóisialta agus chomhshaoil. Tá siad ríthábhachtach chun tacú le cinnteoireacht fianaise-bhunaithe ag polaiteoirí agus ceannairí gnó, ach freisin ag daoine aonair agus teaghlaigh. Tá staidreamh ag teastáil ón Aontas i ngach réimse – ó dhearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht ar bheartais an Aontais, go bailiú agus leithdháileadh cistí an Aontais, agus tá an cháilíocht ríthábhachtach. Déantar é a chur i ngníomh trí na critéir seo a leanas: ábharthacht; cruinneas; inchomparáideacht agus comhleanúnachas, tráthúlacht agus poncúlacht; agus inrochtaineacht agus soiléireacht.

II In 2012, d'fhoilsíomar Tuarascáil speisialta maidir le cáilíocht staidrimh Eorpaigh. Agus obair leantach á dhéanamh againn in 2016, fuaireamar amach nach raibh roinnt feabhsúcháin chomhaontaithe curtha chun feidhme go hiomlán. Ós rud é go raibh forbairtí ann freisin le déanaí maidir le staidreamh Eorpach, chinneamar iniúchadh nua a dhéanamh ar an ábhar céanna. Is í an aidhm ná go rannchuideoidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí le héifeachtúlacht phróisis bainistíochta cáilíochta Eurostat agus go gcuideoidh siad le hiontaofacht staidrimh Eorpaigh a fheabhsú dá bhrí sin.

III San iniúchadh seo, rinneamar measúnú féachaint an ndéanann an Coimisiún foráil do staidreamh Eorpach ardchaighdeáin. Chun an cheist sin a fhreagairt, scrúdaíomar an bhfuil straitéis chuimsitheach agus cláir éifeachtacha (€489 milliún leithdháilte in 2013-2020) ag an gCoimisiún le haghaidh táirgeadh staidrimh. Rinneamar measúnú freisin féachaint an gcuireann Eurostat tacaíocht iomchuí ar fáil, an bhfuil measúnú láidir ar cháilíocht na sonraí curtha ar bun aige, agus an áirithíonn sé go bhfuil rochtain thrédhearcach agus chomhchothrom ag gach úsáideoir. Chuige sin, roghnaíomar gníomhaíochtaí i dtrí réimse (saothar, gnólachtaí agus sláinte), agus sheiceálamar ar áirithíodh le hobair measúnaithe Eurostat cáilíocht bhailithe sonraí 2017-2020. Ar deireadh, scrúdaíomar ar baineadh leas iomlán as an bhféidearthacht ann le hathbhreithnithe piaraí chun cáilíocht staidrimh Eorpaigh a áirithiú.

IV Is é ár gconclúid fhoriomlán ná go gcuireann an Coimisiún staidreamh ar fáil atá leormhaith ar an iomlán do lucht ceaptha beartais, gnólachtaí agus saoránaigh. Tá aghaidh le tabhairt fós ar roinnt laigí, áfach.

V Léiríonn straitéisí staidrimh Eurostat na tosaíochtaí atá leagtha amach i gcláir i ndiaidh a chéile, ach ní leor iad chun an dul chun cinn atá déanta a thomhas. Ní dhéanann an príomhchomhlacht ionadaíochta d'úsáideoirí, an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach, ionadaíocht éifeachtúil ar na húsáideoirí uile, amhail cur chuige comhchoiteann an phobail acadúil agus taighde. Anuas air sin, ní fhreastalaítear go hiomlán ar riachtanais úsáideoirí, ós rud é go bhfuil bearnaí sna sonraí atá faoi iniúchóireacht.

VI In ainneoin cistiú méadaithe tríd an gClár Staidrimh Eorpach, tá táirgeadh rialta staidrimh Eorpaigh fós ag brath go páirteach ar chistiú ó ranna eile den Choimisiún. Níor chuir roinnt cinn de na 13 thionscadal a fhaigheann cistiú ón Aontas a ndearnamar anailís orthu breisluach ar fáil tríd an mbéim nuálaíoch, ach chistigh siad gníomhaíochtaí éigeantacha.

VII Tá tacaíocht Eurostat do Bhallstáit oiriúnach den chuid is mó. Tá cumhachtaí fíoraithe Eurostat teoranta, áfach, sna réimsí a scrúdaíomar. Fuaireamar amach freisin nach bhfuil na tuarascálacha cáilíochta a sheol na Ballstáit comhchuibhithe idir ná laistigh de phróisis staidreamh, agus nach bhfuil an leibhéal céanna faisnéise le fáil iontu. Ina theannta sin, ní dhéanann Eurostat grinnmheasúnuithe ar na gnéithe cáilíochta eile, amhail inchomparáideacht agus comhleanúnachas. Tá tionchar ag tráthchláir ar staidreamh sláinte agus gnó freisin, ós rud é gur féidir roinnt tacar sonraí a chur isteach suas le 24 mhí tar éis na bonnbhliana.

VIII Tá féilire eisiúna forbartha ag Eurostat, ina bhfuil ganntanas sonraí áirithe. Níl beartas ginearálta athbhreithnithe aige, ní thugann sé cur síos iomlán ar na rialacha lena rialaítear rochtain réamheisiúna ar a suíomh gréasáin, ná ní fhoilsíonn sé liosta cuimsitheach d'úsáideoirí dá ndeonaítear rochtain phribhléideach.

IX Cé go bhfuil feabhas tagtha ar dhearadh an Chórais Staidrimh Eorpaigh, níl a minicíocht agus cumhdach chóras Staidrimh Eorpach oiriúnach fós chun feabhsuithe leanúnacha ar cháilíocht a áirithiú. Ina theannta sin, níor thug an Coimisiún agus na Ballstáit aghaidh ach go páirteach ar phríomh-mholtaí athbhreithniú piaraí 2013-2015 maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a fheabhsú.

X Mar thoradh ar ár n-iniúchadh, molaimid gur cheart don Choimisiún:

- freastal ar riachtanais úsáideoirí ar bhealach níos fearr tríd an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanamh níos cuimsithí;
- féachaint le neamhspleáchas airgeadais an chláir staitistiúil Eorpaigh a fheabhsú agus tosaíocht a thabhairt do thionscadail nuálacha;
- tuarascálacha cáilíochta na mBallstát agus measúnú cáilíochta ar staidreamh Eorpach a fheabhsú;
- athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha staidreamh a réamheisiúint; agus
- measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun sainordú an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staitistiúil Eorpach a neartú.

Réamhrá

Is ionann eolas agus cumhacht: Ról staidrimh oifigiúil

01 Is 'gné nach féidir déanamh dá uireasa' é staidreamh 'i gcóras faisnéise sochaí daonlathaigh a chuireann sonraí maidir leis an gcás eacnamaíoch, déimeagrafach, sóisialta agus comhshaoil ar fáil don rialtas, don gheilleagar agus don phobal'[1]. Mar earra poiblí, déantar iad a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh ag údaráis staidrimh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Clúdaíonn staidreamh oifigiúil Eorpach an tAontas ann féin, a Bhallstáit agus réigiúin, agus tíortha ar comhaltaí iad de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE).

02 Tá staidreamh Eorpach ardchaighdeáin tábhachtach chun cuidiú le lucht ceaptha beartais chun beartais eacnamaíocha, dhéimeagrafacha, shóisialta agus chomhshaoil a dhearadh agus faireachán a dhéanamh orthu ar mhaithe le fás agus forbairt inbhuanaithe. Tá siad ríthábhachtach freisin chun cistí an Aontais a bhailiú agus a leithdháileadh, agus tá siad riachtanach le haghaidh gnólachtaí, taighdeoirí agus an pobal i gcoiteann. Léirigh paindéim COVID-19 go bhfuil géarghá le sonraí atá beagnach i bhfíor-am agus atá a seachadtar le córais staidrimh thapa, sholúbtha agus níos comhordaithe (féach ***Iarscríbhinn I***).

03 Is coincheap iltoiseach é caighdeán, ach sainmhíniú simplí is ea 'oiriúnach don úsáid' nó 'oiriúnach don fheidhm'. I gcomhthéacs staidrimh Eorpaigh, cuirtear cáilíocht i ngníomh trí na critéir seo a leanas: ábharthacht; cruinneas; inchomparáideacht agus comhleanúnachas; tráthúlacht agus poncúlacht; agus inrochtaineacht agus soiléireacht (féach ***Tábla 1***). Tá na toisí sin idirghaolmhar, agus tá comhbhabhtáil ag baint le cuid acu.

---

[1] Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta an Náisiún Aontaithe, *Rún arna glacadh ag an gComhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta an 24 Iúil 2013: 2013/21 - Bunphrionsabail Staidrimh Oifigiúil*, 2013.

Tábla 1 – Critéir cháilíochta

Critéir cháilíochta	Cur síos
Ábharthacht	A mhéid a bhfreastalaíonn staidreamh ar riachtanais úsáideoirí atá ann faoi láthair agus a d'féadfadh a bheith ann.
Cruinneas	Tagraíonn 'cruinneas' do cé chomh gar is a bhfuil na meastacháin d'fhíorluachanna nach bhfuil ar eolas.
Inchomparáideacht	Tagraíonn 'inchomparáideacht' don tomhas ar thionchar na ndifríochtaí i gcoincheapa, in uirlisí agus i nósanna imeachta tomhais an staidrimh fheidhmigh i gcás ina ndéantar comparáid ar staidreamh idir limistéir gheografacha, idir fearainn earnálacha nó in imeacht ama.
Comhleanúnachas	Tagraíonn 'comhchuibheas' do cé chomh leordhóthanach is atá na sonraí chun iad a chomhcheangal go hiontaofa i slite éagsúla agus i gcomhair úsáidí éagsúla.
Tráthúlacht	Tagraíonn 'tráthúlacht' don tréimhse idir fáil a bheith ar an bhfaisnéis agus an teagmhas nó an feiniméan a dtugann sí tuairisc air.
Poncúlacht	Tagraíonn 'poncúlacht' don mhoill idir dáta eisiúna na sonraí agus an spriocdháta (an dáta faoinar cheart na sonraí a bheith seachadta).
Inrochtaineacht agus soiléireacht	Tagraíonn 'inrochtaineacht agus soiléireacht' do na coinníollacha agus do na rialacha mionsonraithe lena bhféadfaidh úsáideoirí sonraí a fháil, a úsáid agus a léirthuiscint.

Foinse: CIE, bunaithe ar Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

An creat dlíthiúil maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh

04 Tá forbairt tagtha ar chreat dlíthiúil an Aontais de réir ama, mar fhreagairt ar riachtanais institiúidí an Aontais den chuid is mó. Luaitear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[2] maidir le táirgeadh staidreamh nach mór 'cloí le neamhchlaontacht, iontaofacht, oibiachtúlacht, neamhspleáchas eolaíoch, costéifeachtacht agus rúndacht staidrimh; ní bheidh ualaí iomarcacha ar oibreoirí eacnamaíocha dá bharr'.

[2] Airteagal 338 CFAE.

05 Leis an Rialachán Staidreamh Eorpach[3], leagtar síos an Córas Staidrimh Eorpach (ESS) mar chomhpháirtíocht idir comhaltaí comhionanna: Eurostat (ardstiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin agus Oifig Staidrimh an Aontais), agus na forais staidrimh náisiúnta (NSInna) agus údaráis náisiúnta eile (ONAnna) atá freagrach i ngach Ballstát as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Áirítear freisin sa chomhpháirtíocht údaráis staidrimh thíortha CSTE.

06 Tugann an Rialachán sainmhíniú níos treise ar an gcaoi atá ESS eagraithe, tugann sé forléargas ar phríomhdhualgais a chomhpháirtithe, agus cuireann sé creat ar fáil maidir le staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chraobhscaoileach bunaithe ar chomhphrionsabail staidrimh. Cuireann sé an bunús dlí ar fáil freisin maidir le cláir staidrimh Eorpaigh (ESPanna, dá ngairtear 'na cláir' anseo feasta), lena leagtar amach na príomhréimsí agus cuspóirí le haghaidh forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh do thréimhse arb ionann é agus tréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil. As suim iomlán de €489 milliún, chuir an clár roimhe sin (2013-2020) €193 mhilliún de dheontais chuig tíortha CSE (le €181 mhilliún breise mar chreidmheasanna fo-tharmligthe ag Ardstiúrthóireachtaí (ASanna) eile). Tá caiteachas beartaithe de €552 milliún[4] sa chlár reatha (2021-2027), lena n-áirítear €74 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do 2021[5]. Tá an Coimisiún ag smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán, chun díriú ar fhoinsí sonraí nua, teicneolaíochtaí agus léargais, comhroinnt sonraí agus freagraí staidrimh i gcás géarchéime.

---

[3] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 (IO L 87, 31.3.2009), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2015/759.

[4] Airteagal 4.2 de Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021.

[5] Airteagal 03 02 05 'Staidreamh ardcháilíochta a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh maidir leis an Eoraip' de bhuiséad formheasta 2021, ar fáil ag http://data.europa.eu/eli/budget/2021/1/oj

07 Déantar tuilleadh forbairt ar na prionsabail staidrimh atá leagtha amach sa rialachán i gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh (CoP), chun críocha iontaoibh phoiblí i staidreamh Eorpach a áirithiú[6]. Rinneadh athbhreithniú ar CoP go deireanach in 2017 (féach ***Fíor 1***).

Fíor 1 – Prionsabail Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh

CÓD AN CHÓRAIS STAIDRIMH EORPAIGH

CÉ? Timpeallacht institiúideach	1. Neamhspleáchas gairmiúil 1(a) Comhordú agus comhar 2. Sainordú maidir le sonraí a bhailiú agus rochtain ar shonraí 3. Leordhóthanacht acmhainní 4. Gealltanas cáilíochta 5. Rúndacht staidrimh agus cosaint sonraí 6. Neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht
CONAS? Próisis staidrimh	7. Modheolaíocht fhónta 8. Nósanna imeachta staidrimh iomchuí 9. Ualach neamhiomarcach ar fhreagróirí 10. Costéifeachtacht
CÉARD? Aschur/tairgí staidrimh	11. Ábharthacht 12. Cruinneas agus iontaofacht 13. Tráthúlacht agus poncúlacht 14. Comhleanúnachas agus inchomparáideacht 15. Inrochtaineacht agus soiléireacht

Foinse: CIE, bunaithe ar Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh 2017.

Rialachas ar an gCóras Staidrimh Eorpach

08 Is ar dhá chóras staidrimh, le creata dlí éagsúla a léiríonn struchtúir rialachais éagsúla, atá an fhreagracht na sonraí is gá a bhailiú chun staidreamh Eorpach le haghaidh úsáid phoiblí (ag an Aontas agus na Ballstáit) a ghiniúint. Is iad sin an Córas Staidrimh Eorpach (ESS)[7] agus Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBE)[8].

---

[6] Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 223/2009.

[7] Mar a dhéantar cur síos air in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 223/2009.

[8] Tá feidhm staidrimh CEBE bunaithe ar Airteagal 5 de Reacht CEBE agus BCE.

09 Faigheann CSE treoir ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bhfuil Eurostat mar chathaoirleach air agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó institiúidí náisiúnta staidrimh na gcomhaltaí. Tugann an Coiste treoraíocht phroifisiúnta do CSE maidir le staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh. Tá sé freagrach freisin as Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh.

10 Feidhmíonn Eurostat mar údarás staidrimh an Aontais. Is é an ról atá aige bheith mar thús cadhnaíochta maidir le comhchuibhiú staidrimh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta staidrimh. Is é an phríomhfheidhm atá aige faisnéis staidrimh inchomparáide a phróiseáil agus a fhoilsiú ar leibhéal Eorpach trí mheasúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a chuireann na Ballstáit chuige.

11 Tugann an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach[9] (dá ngairtear 'An Coiste Comhairleach') cúnamh do CSE agus déanann an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB)[10], ar comhlacht de shaineolaithe staidrimh neamhspleácha é, formhaoirseacht ar a ghníomhaíochtaí i dtaca le cur chun feidhme Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh(féach ***Fíor 2***).

[9] Arna bhunú i Rialachán Uimh.234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[10] Arna bhunú i Rialachán Uimh.235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Fíor 2 – Struchtúr rialachais CSE

An Córas Staidrimh Eorpach (CSE)

Údaráis staidrimh náisiúnta → **Eurostat**

Bailíonn agus tiomsaíonn Institiúidí Náisiúnta Staidrimh (NSInna) agus údaráis náisiúnta eile (ONAnna) sonraí náisiúnta

Sonraí a fhaightear a phróiseáil agus staidreamh oifigiúil Eorpach a scaipeadh

An Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC)

Treoraíocht ghairmiúil a chur ar fáil do CSE. Áirítear ann freisin ionadaithe ó thíortha CSTE, agus breathnóirí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (ESAC)

Tuaraimí agus comhairle a thabhairt maidir le cláir oibre, tosaíochtaí, ábharthacht an staidrimh Eorpaigh agus acmhainní

An Córas Staidrimh Eorpach An Bord Comhairleach (ESGAB)

Forléargas neamhspleách a thabhairt ar CSE agus **tuairisc** bhliantúil a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an gCód Cleachtais a chur chun feidhme

Foinse: CIE.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

12 Ba é cuspóir foriomlán an iniúchta ná measúnú a dhéanamh féachaint an ndéanann an Coimisiún foráil go héifeachtach do staidreamh Eorpach ardcháilíochta. Sa doiciméad seo, tagraímid do Eurostat nuair atá tuairisciú á dhéanamh ar réimsí a bhfuil an fhreagracht iomlán air, mar Oifig Staidrimh an Aontais, ina leith.

13 Chun freagra a thabhairt ar an gceist iniúchóireachta, rinneamar measúnú féachaint:

- an bhfuil straitéis chuimsitheach agus cláir éifeachtacha ag an gCoimisiún chun staidreamh ardcháilíochta a tháirgeadh;
- an gcuireann Eurostat tacaíocht iomchuí ar fáil, an bhfuil measúnú láidir curtha ar bun aige ar chaighdeán na sonraí a fhaigheann sé, agus an áirithíonn sé go bhfuil rochtain thrédhearcach agus chomhchothrom ag gach úsáideoir nuair atá staidreamh Eorpach á chraobhscaoileadh; agus
- ar baineadh leas iomlán ar na hathbhreithnithe piaraí chun cáilíocht an staidrimh a fheabhsú tuilleadh agus a áirithiú.

14 In 2012 d'fhoilsíomar tuarascáil speisialta maidir le caighdeán staidrimh Eorpaigh[11]. San obair leantach in 2016, fuaireamar amach nach raibh roinnt moltaí curtha chun feidhme go hiomlán go fóill. Mar gheall air sin, agus i bhfianaise forbairtí a rinneadh maidir le staidreamh Eorpach le déanaí, chinneamar iniúchadh nua a dhéanamh ar an ábhar céanna. Tá scrúdú déanta againn, dá bhrí sin, ar an dul chun cinn atá déanta ó Eanáir 2013 go dtí Nollaig 2021. Is í an aidhm ná go rannchuideoidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí le héifeachtúlacht phróisis bainistíochta cáilíochta Eurostat agus go gcuideoidh siad le cáilíocht staidrimh Eorpaigh a fheabhsú dá bhrí sin.

[11] CIE, Tuarascáil speisialta 12/2012: 'Ar chuir an Coimisiún agus Eurostat feabhas ar an bpróiseas chun staidreamh iontaofa agus inchreidte a tháirgeadh?'

15 Roghnaíomar trí réimse théamacha (saothar, gnólachtaí agus sláinte), agus sheiceálamar ar áirithíodh le hobair Eurostat staidreamh ardcháilíochta a dhíríonn ar bhailiú sonraí 2017-2020 i gcomhréir leis na critéir cháilíochta a leagtar amach i Rialachán 223/2009. Dhíríomar ár n-anailís ar na gníomhaíochtaí staidrimh seo a leanas (féach ***Iarscríbhinn II***):

- An suirbhé ar an bhfórsa saothair san Aontas Eorpach (SFS);
- staidreamh struchtúrach gnó;
- sláinte, atá comhdhéanta de 'chaiteachas sláinte', 'neamhchaiteachas sláinte' agus 'cúiseanna báis'.

16 Scrúdaíomar na toisí cáilíochta go léir (féach mír ***03***) sna Ballstáit sa sampla (an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin agus an Fhionlainn). A mhéid a bhaineann le tráthúlacht, poncúlacht agus iomláine, chlúdaíomar na Ballstáit go léir den Aontas mar gheall ar dhoiciméadú a bheith ar fáil go héasca. Roghnaíomar an sampla ag úsáid sé chritéar chun ábharthacht, cumhdach leathan geografach agus meascán maith de chórais staidrimh éagsúla, i.e. bunaithe ar shuirbhéanna nó sonraí riaracháin.

17 Clúdaíodh freisin lenár gcuid oibre iniúchóireachta rannchuidithe a rinne ranna eile den Choimisiún (AS um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (EMPL), AS um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (GROW), AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE)), agus ag ESGAB agus an Coiste Comhairleach, chun staidreamh Eorpach a tháirgeadh. Níor bhreathnaíomar ar cháilíocht na sonraí a sheol na Ballstáit, ar an staidreamh Eorpach a tháirg CEBE, ná ar shaothrú fhoinsí nua staidrimh.

18 Bhunaíomar ár gcuid oibre ar chritéir ó roinnt foinsí éagsúla, amhail prionsabail chomhaontaithe le haghaidh staidreamh oifigiúil, na treoirlínte cur chun feidhme comhfhreagracha, agus dea-chleachtais idirnáisiúnta (féach ***Iarscríbhinn III***).

19 Chomh maith leis na sonraí agus an staidreamh a scrúdú, bhreathnaíomar ar reachtaíocht ábhartha, treoirlínte agus moltaí idirnáisiúnta, agus doiciméid curtha ar fáil ag an gCoimisiún agus Ballstáit roghnaithe – lena n-áirítear na freagraí uaidh ar cheistneoirí mionsonraithe a chlúdaigh scóip iomlán an iniúchta. Rinneamar athbhreithniú ar shampla de 13 dheontas atá ábhartha don trí réimse téamacha (féach ***Iarscríbhinn IV***), faoi bhainistíocht Eurostat faoin gclár 2013-2020. Baineann na deontais sin le tionscadail atá curtha chun feidhme ag forais staidrimh náisiúnta nó ag údaráis náisiúnta eile inár gcúig Bhallstát.

20 Chuireamar agallamh ar fhoireann ón gCoimisiún, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, oifigí náisiúnta staidrimh agus údaráis náisiúnta eile sna cúig Bhallstát agus trí eagraíochtaí idirnáisiúnta (EIS, ECFE agus EDS). Bhreathnaíomar ar chruinnithe Choiste CSE, agus chuireamar agallamh ar chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí de chomhlachtaí rialtachta CSE (ESGAB agus an Coiste Comhairleach), Oifig Staidrimh CSTE, Cónaidhm na gCumann Staidrimh Náisiúnta Eorpach, an Cumann Staidrimh Ríoga, agus saineolaithe maidir le staidreamh saothair, gnó agus sláinte. Mar gheall ar chás COVID-19, reáchtálamar na hagallaimh go léir trí fhíschomhdhálacha amháin.

Barúlacha

Chomhlánaigh straitéis agus cláir na hionchais, ach ní raibh díriú leordhóthanach ar nuálaíocht agus níor freastalaíodh ar riachtanas uile úsáideoirí

21 Cuireann an Coimisiún a thosaíochtaí straitéiseacha chun feidhme go príomha trí chláir i ndiaidh a chéile, ar cheart go mbeidís deartha chun freagairt ar riachtanais úsáideoirí staidrimh Eorpaigh agus, i gcás inar gá, athbhreithniú a dhéanamh orthu chun aon athrú nach rabhthas ag súil leis a chur san áireamh (féach ***Fíor 3***). Sna míreanna seo a leanas, scrúdaíomar an méid seo a leanas:

(a) an bhfuil cláir staidrimh an Choimisiúin agus pleananna staidrimh Eurostat deartha go maith, cuimsitheach agus an ndéantar faireachán orthu go héifeachtach;

(b) an gcomhlíonann na cláir riachtanais úsáideoirí; agus

(c) an dtugann na cláir luach ar airgead trí dheontais chuig córais staidrimh náisiúnta.

Fíor 3 – Pleanáil airgeadais ilbhliantúil, cláir agus straitéis Eurostat



Foinse: CIE.

Chomhlíon pleananna agus cláir straitéiseacha na hionchais institiúideacha ach bhí siad easnamhach maidir le dul chun cinn a thomhas

22 Scrúdaíomar an clár do 2013-2020 agus pleananna straitéiseacha Eurostat do 2016-2020 agus 2020-2014, na cláir oibre bliantúla staidrimh ó 2013, agus doiciméadacht maidir le faireachán agus meastóireacht ar na cláir. Scrúdaíomar freisin an clár reatha laistigh de Chlár Mhargadh Aonair an Aontais do 2021-2027, an sásra a úsáidtear chun tosaíochtaí a leagan síos i rith 2013-2020, agus ábhar díospóireachtaí laistigh de CSE i rith 2019 chun na tosaíochtaí sin a mhodhnú do thréimhse 2021-2027.

23 Fuaireamar amach go raibh clár 2013-2020 deartha den chuid is mó chun ionchais agus riachtanais úsáideoirí institiúideacha staidrimh Eorpaigh a chomhlíonadh agus gur áiríodh ann clár faireacháin. Mheas an Coimisiún níos déanaí, áfach, nach raibh cuid de na heochairtháscairí feidhmíochta a úsáideadh chun éifeachtacht an chláir a thomhas nasctha le cuspóirí an chláir ná nach raibh siad in ann an tionchar ar chistiú ón Aontas a léiriú. Cuireadh eochairtháscairí feidhmíochta eile in ionad na n-eochairtháscairí feidhmíochta sin (féach ***Fíor 4***). Leis an ionadú sin agus na hathruithe sa mhodheolaíocht sa suirbhé ar shástacht úsáideoirí, ní rabhthas in ann an dul chun cinn a bhí bainte amach thar an tréimhse ocht mbliana a thomhas.

Fíor 4 – Forbairt ar eochairtháscairí feidhmíochta Eurostat do thréimhse 2013-2020

KPI	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020
Líon na n-asbhaintí sonraí déanta ag úsáideoirí seachtracha ó bhunachair sonraí poiblí Eurostat (EuroBase agus Comtext) trí shuíomh gréasáin Eurostat	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cumhdach staidrimh (tomhaiste mar an líon táscairí, fo-tháscairí agus a miondealuithe go léir)					✓	✓	✓
Tionchar Eurostat ar an Idirlíon: a) Líon tagairtí b) Céatadán tuairimí diúltacha					✓	✓	✓
Céatadán na n-úsáideoirí a thugann rátáil 'an-mhaith' nó 'go maith' ar cháilíocht fhoriomlán staidrimh Eorpaigh	✓	✓	✓	✓			
Tráthúlacht an fho-thacair staidrimh curtha ar fáil ag Eurostat tomhaiste mar líon na laethanta idir lá deireanach na tréimhse tagartha staidrimh agus lá seolta sheoladh na nuachta gaolmhaire					✓	✓	✓
Céatadán na n-úsáideoirí a thugann rátáil 'an-mhaith' nó 'go maith' ar thráthúlacht staidrimh Eorpaigh dá gcuspóirí	✓	✓	✓	✓			
Poncúlacht shampla staidrimh: an meánlíon laethanta roimh ré (dearfach) nó déanach (diúltach), i gcomparáid leis an sprioc dhlíthiúil Príomhthháscairí Eacnamaíocha Eorpacha (PEElnna) agus trádáil sheachtrach AE	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Céatadán na n-úsáideoirí a thugann rátáil 'an-mhaith' nó 'go maith' ar inchomparáideacht staidrimh Eorpaigh i measc réigiún agus tíortha	✓	✓	✓	✓			
An céatadán den amshraith a chlúdaíonn deich mbliana nó níos mó as a chéile					✓	✓	✓
Fad amsraith shampla staidrimh: Sraith ghníomhach tháscairí Eorpacha	✓	✓	✓	✓			

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

Ní fhreastalaítear go hiomlán ar riachtanais úsáideoirí agus tá bearnaí sonraí fós ann

24 Chun **ábharthacht** staidrimh a áirithiú, ní mór é a ghiniúint d'úsáideoirí thar aon ní eile. Ní críoch ann féin é staidreamh a ghiniúint, ach, ina ionad sin, ní mór go bhfreastalódh sé orthu siúd a úsáideann na sonraí chun torthaí agus beartas a fheabhsú. Chuige sin, ba cheart do Eurostat dul i gcomhairle le gach cineál úsáideora chun na riachtanais a shainaithint nach mór don phleanáil straitéiseach sin aghaidh a thabhairt orthu. Mar an príomhchomhlacht ionadaíochta d'úsáideoirí, ba cheart don Choiste Comhairliúcháin cuidiú trína áirithiú go gcuirtear a riachtanais san áireamh i

bpróiseas pleanála an chláir agus caidreamh a bhunú leis na comhairlí úsáideoirí náisiúnta staidrimh[12] (féach ***Fíor 5***)

Fíor 5 – Úsáideoirí staidrimh Eorpaigh



Foinse: CIE.

25 Sainaithníonn Eurostat riachtanais úsáideoirí trí roinnt chainéal. Mar shampla, reáchtálann sé éisteachtaí bliantúla chun dul i gcomhairle le ranna eile de chuid an Choimisiúin, eagraíonn sé suirbhé leathbhliantúil ar shástacht úsáideoirí, agus déanann sé comhairliúcháin ócáideacha ar tháirgí áirithe nach bhfuil chomh hionadaíoch céanna (e.g. Deais Staidrimh Eorpach an Téarnaimh).

26 Tugann an Coiste Comhairleach tosaíocht do riachtanais a eascraíonn ó bheartais agus tionscnaimh an aontais. Thairis sin, tá na 12 chomhalta arna gceapadh ag an gCoimisiún rannpháirteach ina gcáil phearsanta seachas mar ionadaíocht ar na comhlachais eolaíochta, ollscoileanna agus forais taighde óna dtagann siad[13]; mar thoradh air sin, ní áirithíonn siad dearcadh comhchoiteann i ndáiríre. Príomhúsáideoirí eile, amhail an tsochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha atá mar ionadaíocht do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, níl siad rannpháirteach.

---

[12] Féach Airteagail 1 agus 3 de Chinneadh Uimh. 234/2008/CE an 11 Márta 2008.

[13] Féach Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 234/2008/CE an 11 Márta 2008.

27 Ó cuireadh ar bun é, níl dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoiste Comhairleach i dtreo caidreamh a bhunú le húsáideoirí staidrimh náisiúnta. Go deimhin, níor chuir sé forléargas ar na 23 chomhairle úsáideoirí staidrimh náisiúnta le chéile ná ní dhearna sé pleananna chun a chomhair leo a neartú go dtí 2021. Thairis sin, d'aimsíomar fianaise le linn ár gcuid oibre go raibh gníomhaíochtaí chomhairle úsáideoirí na hIodáile curtha ar athló, agus nach raibh coiste den chineál sin ag feidhmiú go fóill sa Chróit.

28 Sainaithníodh lenár n-iniúchadh bearnaí i staidreamh 'neamhchaiteachais sláinte' agus staidreamh galrachta. Staidreamh neamhchaiteachais sláinte, amhail acmhainní agus gníomhaíochtaí cúraim sláinte, tá sé deonach agus tá tacair sonraí fós neamhiomlán mar gheall nach gcuireann gach Ballstát na sonraí go léir atá comhaontaithe chuig Eurostat. Tá dréachtrialachán cur chun feidhme ina sainítear liosta íosta ceanglas le glacadh, agus táthar ag súil leis an gcéad tarchur sonraí in 2023. Mura ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe, táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an gcáilíocht (lena n-áirítear comhiomláine). Tá staidreamh galrachta á fhorbairt le níos mó ná 10 mbliana anuas, agus fós níl bailchríoch curtha leis go fóill.

29 Baineann bearna thábhachtach eile a fuaireamar leis an sainmhíniú ar FBManna san Aontas, rud nach gcuireann Eurostat i bhfeidhm i gceart mar gheall ar dheacrachtaí maidir leis na sonraí airgeadais go léir a fháil i roinnt Ballstát. Tá cáiliú FBManna i staidreamh Eorpach bunaithe ar líon na bhfostaithe amháin (níos lú ná 250 duine) agus tugtar neamhaird ar chritéir airgeadais (láimhdeachas bliantúil agus iomlán an chláir comhardaithe).

Níl foinse oiriúnach ag cistiú staidrimh an Aontais, agus ní thugann sé tosaíocht leormhaith ar thionscadail nuálaíochta

30 Ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais úsáideoirí agus cistiú náisiúnta a chomhlánú trí acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil do chórais staidrimh náisiúnta, mar a mholtar i dtreoirlínte idirnáisiúnta (féach ***Iarscríbhinn III***). Leithdháiltear cistí an chláir trí chláir oibre bliantúla, a tháirgeann agus a ghlacann an Coimisiún agus a chlúdaíonn cistiú trí dheontais, soláthar agus comhaontuithe eile. Áirítear i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 €552 milliún don chlár – thart ar €78.9 milliún in aghaidh na bliana (+29 % i gcomparáid leis an meán bliantúil don tréimhse 2013-2020). Seasann ranníocaíocht bhliantúil an Aontais chuig

CSE do 2.4 % den chostas iomlán measta staidrimh oifigiúil a tháirgeadh (thart ar €3 billiún in 2020 dar le suirbhé measúnaithe costais a rinne Eurostat[14]).

31 Is iad deontais an modh is forleithne agus is dea-bhunaithe a úsáidtear chun forbairt staidrimh nua a spreagadh mar fhreagairt ar riachtanais a shainaithníonn úsáideoirí institiúideacha. Tá siad bunaithe ar éileamh agus cistítear 70 % de chostais an tionscadail chun gníomhaíochtaí staidrimh amhail modúil suirbhé nua a fhorbairt, bailiú sonraí duine le duine agus agallaimh ar an nguthán.

32 Bainistíonn Eurostat deontais arna mhaoiniú ag ranna eile an Choimisiúin freisin (e.g. AS EMPL agus AS SANTE) lasmuigh den chlár (féach ***Fíor 6***). Amhail iad siúd a fhaigheann maoiniú faoin gclár, is é is aidhm leis na deontais ná forbairt staidrimh a spreagadh chun freastal ar riachtanais shonracha na n-ardstiúrthóireachtaí – cé go bhfreastalaíonn siad freisin uaireanta ar ghníomhaíochtaí staidrimh atá éigeantach cheana féin. Sa chomhthéacs sin, in 2012, mholamar an méid seo a leanas: 'Chun cur chun feidhme iomlán Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún: (e) [...] deireadh a chur de réir a chéile leis an sásra creidmheasa feidhmíochta fo-tharmligthe le haghaidh táirgeadh staidrimh'. Measaimid go bhfuil an comhshocrú reatha, ina bhfuil Eurostat ag brath ar na hardstiúrthóireachtaí eile ó thaobh airgeadais, ailínithe go hiomlán le moltaí idirnáisiúnta agus cleachtais is fearr maidir le hacmhainniú leordhóthanach, agus ní chuireann sé an neamhspleáchas institiúideach chun cinn.

[14] Eurostat, *Tacaíocht don Mheastóireacht Dheiridh ar an gClár Staidrimh Eorpach 2013-2020*, Iúil 2021, lch. 43.

Fíor 6 – Deontais staidrimh ó ardstiúrthóireachtaí eile ach atá faoi bhainistíocht Eurostat, 2013-2020



NB. Áirítear leis na hardstiúrthóireachtaí eile AS DEVCO, AS EAC, agus AS HOME agus AS MOVE.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

33 Fuaireamar amach go gclúdaíonn deontais an Aontais riachtanais institiúideacha den chuid is mó, le líon suntasach ag maoiniú gníomhaíochtaí éigeantacha staidrimh agus, i roinnt cásanna, ag clúdach costais rialta foirne chórais staidrimh náisiúnta. Ní chistíonn ach méid beag deontas tionscadail nuálacha (e.g. staidéir phíolótacha maidir le staidreamh galrachta) le breisluach suntasach nach gcisteofaí go náisiúnta seachas sin.

34 Ní mór measúnú a dhéanamh ar na tionscadail chun seiceáil a dhéanamh an mbaineann siad amach a gcuspóirí chun tairbhí a chur ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá á n-infheistiú. Cé go ndearnadh measúnú ar dheontais aonair, ní raibh údar tugtha do na measúnuithe cáilíochtúla ar na torthaí go ginearálta, rud a chuireann teorainn leis an scóip d'obair leantach agus a laghdaíonn inbhuanaitheacht na dtorthaí.

Cuireann Eurostat córais staidrimh náisiúnta ar fáil le tacaíocht chuí, ach tá laigí sa mheasúnú agus scaipeadh fós ann

35 Is é cúram Eurostat staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chraobhscaoileadh[15]. Chuige sin, tugann sé tacaíocht d'fhorais náisiúnta staidrimh, déanann sé measúnú ar cháilíocht na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit de réir na gcritéar atá leagtha amach (féach mír ***03***), agus ansin comhdhlúthaíonn agus foilsíonn sé iad. Tugtar aghaidh ar na critéir cháilíochta 'ábharthacht' agus 'inrochtaineacht agus soiléireacht' i míreanna ***24***-***29*** agus ***59***-***69*** faoi seach.

36 Ba cheart go mbeadh córas bainistíochta cáilíochta éifeachtach ar bun ag Eurostat, le nósanna imeachta i scríbhinn maidir le measúnú cáilíochta ar gach réimse téamach[16] (féach ***Fíor 7***).

Fíor 7 – próiseas meastóireachta cáilíochta: ó chur isteach sonraí go foilsiú sonraí



Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

37 Sna míreanna seo a leanas, scrúdaíomar an ndéanann Eurostat an méid seo a leanas:

(a) tacaíocht iomchuí a chur ar fáil d'fhorais náisiúnta staidrimh;

(b) measúnú láidir a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a thagann isteach; agus

---

[15] Airteagal 6 de Rialachán (AE) uimh. 223/2009.

[16] Coimisiún Dec. 2021/504/AR agus Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh.

(c) a áirithiú go bhfuil rochtain thrédhearcach agus chomhchothrom ag na húsáideoirí go léir nuair atá staidreamh á chraobhscaoileadh.

Cuireann Eurostat tacaíocht iomchuí ar fáil d'fhorais náisiúnta staidrimh;

38 Mar chuid dá ról mar chomhordaitheoir chun cáilíocht staidrimh Eorpaigh a fheabhsú, ba cheart do Eurostat tacaíocht thráthúil agus iomchuí a chur ar fáil do na Ballstáit agus líonraí comhair a fhorbairt chun comhroinnt eolais a chur chun cinn[17]. Fuaireamar amach ó na doiciméid a bhí ar fáil go mbíonn tacaíocht Eurostat do na Ballstáit iomchuí agus tráthúil de ghnáth. Mar shampla, chruthaigh tús phaindéim COVID-19 éileamh nach bhfacthas riamh ó rialtais, na meáin agus an pobal iomlán do staidreamh tapa agus iontaofa i roinnt réimse (féach ***Iarscríbhinn I***). Go luath i ndiaidh ráig na paindéime, d'eisigh Eurostat treoirlínte agus nótaí modheolaíochta maidir le tacair sonraí amhail SFS a tháirgeadh.

39 Níl nósanna imeachta inmheánacha i scríbhinn ag Eurostat, áfach, maidir le tacaíocht a chur ar fáil, go háirithe maidir le tráthchlár. Fuaireamar samplaí d'fhadhbanna modheolaíochta casta ar thóg sé an-chuid ama iad a réiteach. Mar shampla, tá an fhadhb maidir le conas déileáil le sonraí maidir le cúram fadtéarmach (idirdhealú idir cúram sóisialta agus sláinte) ann ó cuireadh Córas na gCuntas Sláinte 2011 chun feidhme in 2015[18]. Déanann an fhadhb difear do chomhiomláine agus inchomparáideacht na sonraí sa réimse sin. Thosaigh tascfhórsa ag obair ar an tsaincheist i mí Feabhra 2022, agus táthar ag súil go soláthróidh sé tuarascáil faoi dheireadh 2023.

Níl tuairisciú cáilíochta na mBallstát comhchuibhithe ná doiciméadaithe go hiomlán

40 Cuireann Lámhleabhar CSE treoirlínte ar fáil d'ullmhú thuarascálacha cáilíochta táirgeoirí agus úsáideoirí, ag comhpháirtithe CSE, maidir le réimse iomlán na bpróiseas agus na n-aschur staidrimh. Maidir le gach tacar sonraí staidrimh, ba cheart do na tuarascálacha sin a bheith comhchuibhithe idir agus laistigh de phróisis staidrimh chun a áirithiú go gcomhlíontar na treoirlínte maidir lena áirithiú go bhfuil faisnéis

---

[17] Airteagail 6.3, 7, 15 agus 18 de Rialachán (AE) 223/2009, Coimisiún Noll. 2012/504/AE.

[18] Rialachán (AE) 2015/359 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1338/2008.

bhunriachtanach faoi shonraí a bhailiú agus próisis bailíochtaithe ar fáil d'úsáideoirí agus táirgeoirí.

41 Rinneamar scrúdú féachaint an raibh na tuarascálacha cáilíochta a chuir Ballstáit isteach sna trí réimse théamacha atá cumhdaithe ag ár n-iniúchadh i gcomhréir leis an lámhleabhar CSE agus ar chuimsigh siad faisnéis a bhí iomchuí agus comhchuibhithe araon chun gur féidir measúnú a dhéanamh agus tuiscint chuí a fháil ar na haschuir staidrimh chomhfhreagracha.

42 Cuireann na rialacháin earnála de cheangal ar na Ballstáit tuarascálacha cáilíochta Eurostat agus meiteashonraí a sheoladh ag eatraimh suas le cúig bliana. Méadaíonn eatramh fada idir dhá thuarascáil an riosca go mbeadh athrú tagtha ar thuairiscí ar fhoinsí agus modhanna idir dhá thacar sonraí. Thairis sin, níl tuarascáil cáilíochta atá beartaithe ar shonraí maidir le 'cúiseanna báis' curtha isteach ag ceann amháin de na cúig Bhallstát inár sampla (an Chróit). Níl aon cheanglas dlíthiúil tuarascáil cáilíochta a chur isteach le haghaidh sonraí neamhchaiteachais sláinte; mar sin féin, meastar go gcuirfidh na Ballstáit comhad meiteashonraí isteach, rud nach bhfuil i gcomhréir le struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta.

43 Tá difríochtaí tuairiscithe idir agus fiú laistigh de ghníomhaíochtaí staidrimh. Tá an leibhéal sonraí éagsúil idir na Ballstáit inár sampla, ní chuireann roinnt acu faisnéis leordhóthanach ar fáil chun tuiscint chuí a fháil agus measúnú cuí a dhéanamh ar cháilíocht sonraí. Chomh maith leis sin, cé is moite de 'chúiseanna báis', ní leanann struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta na treoirlínte. Tagann faisnéis neamhiomlán as na neamhréireachtaí seo a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar úsáideoirí.

Níor áirithigh measúnú cáilíochta Eurostat iontaofacht sonraí go hiomlán

44 Tá sé de chumhacht dhlíthiúil ag Eurostat obair fíorúcháin a dhéanamh ar an láthair i mBallstáit i réimsí staidrimh amhail an nós imeachta um easnamh iomarcach agus ollioncam náisiúnta. Níl cumhachtaí inchomparáide aige sna trí réimse a chumhdaíonn ár n-iniúchadh. Ós rud é go ríomhtar ranníocaíochtaí trí líon ionstraimí cistithe, amhail an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta, ar bhonn staidrimh Eorpaigh i gcás nach bhfuil cumhachtaí fíorúcháin ag Eurostat (e.g. saothar agus daonra) agus dá bhrí sin ní féidir leo iontaofacht a áirithiú, tá riosca ann go bhféadfadh aon leithdháileadh de chistí an Aontais atá bunaithe ar shonraí den sórt sin a bheith míchruinn.

45 Tá nósanna imeachta i scríbhinn forbartha ag Eurostat maidir le sonraí a bhailíochtú i ngach réimse téamach a scrúdaíomar. Ní áirítear leis na nósanna imeachta sin fíorúcháin níos doimhne ar cháilíocht sonraí i mBallstáit, áfach, amhail seiceálacha ar an láthair.

46 Tá lámhleabhair úsáideora agus treoirlínte forbartha ag Eurostat freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht staidrimh an Aontais. Gné amháin atá in easnamh sna treoirlínte sin is ea amlíne dá ghníomhaíocht féin má fhaigheann sé amach nach bhfuil Ballstát ag comhlíonadh na sprioc-amanna atá leagtha amach sna rialacha.

47 Baineann Eurostat úsáid as réimse uirlisí TF chun seiceálacha bailíochtaithe a dhéanamh (ar ábhair amhail loighic, inchreidteacht, comhsheasmhacht, rátaí athbhreithnithe agus rátaí athraithe bliantúla). Tá roinnt de na seiceálacha sin leabaithe sna comhaid ina bhfuil an ceistneoir nach mór do na Ballstáit a líonadh isteach ionas gur féidir leo aon earráidí a bhrath nó a cheartú sula seoltar iad. A luaithe a bheidh bailíochtú déanta, seoltar tuarascáil bailíochtaithe chuig na Ballstáit lena formheas; is ag an bpointe sin amháin gur féidir a sonraí a scaipeadh go forleathan.

48 Déanann Eurostat, ECFE agus EDS bailíochtaithe sonraí do 'chaiteachas sláinte' agus 'neamhchaiteachais sláinte' a bhailiú agus a dháileadh eatarthu féin agus cuireann siad na seiceálacha i bhfeidhm ar bhealach atá comhionann. Tá bailíochtú sonraí do LFS, 'cúiseanna báis' agus 'caiteachas sláinte' comhchosúil do gach Ballstát. Níl na measúnuithe cáilíochta deiridh do gach Ballstát struchtúraithe, áfach, agus ní thugann siad taifead ar na saincheisteanna ar fad a aimsítear ná ní mholann siad réiteach orthu. Fuaireamar comhaid sonraí ach ní bhfuaireamar measúnuithe cáilíochta críochnaitheacha do na réimsí téamacha eile ('neamhchaiteachas sláinte' agus staidreamh struchtúrach gnó). Fuaireamar go raibh Eurostat ar an eolas faoi fhadhbanna cáilíochta sonraí a d'eascair as a obair bailíochtaithe nó ó fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil. Tógann sé níos faide roinnt fadhbanna cáilíochta sonraí a réiteach (féach, mar shampla, an plé ar shonraí maidir le cúram fadtéarmach i mír ***39***).

49 Le linn na tréimhse a chumhdaigh ár n-iniúchadh, fuaireamar go raibh laigí i ndáil le **cruinneas** sonraí sna trí réimse iniúchóireacht (féach ***Bosca 1***).

Bosca 1

Samplaí de laigí a bhaineann le cruinneas

Suirbhé ar an bhfórsa saothair

- Bhí an ráta neamhfhreagartha an-ard sna trí Bhallstát ina bhfuil SFS deonach. In 2018, b'ionann é agus 34.5 % san Fhionlainn, 21.6 % sa Liotuáin agus 42.4 % sa Chróit. Sa dara ráithe de 2020, shroich an ráta neamhfhreagartha do *gach* Ballstát buaicphointe de 34.6 % mar gheall ar an bpaindéim.

- Ceanglaítear le hAirteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 577/98 go n-úsáidfí 'earráid chaighdeánach choibhneasta' san anailís ar ionadaíocht. Ní dhéanann Eurostat é sin a ríomh, áfach, agus ní úsáideann sé na hearráidí caighdeánacha coibhneasta a chuireann na Ballstáit isteach ina anailís.

Staidreamh Struchtúrach Gnó

- Ní fhacamar aon fhianaise go ndearna Eurostat rátaí freagartha nó eatraimh mhuiníne a mheas.

- Ó 1995, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 696/93, bhí sé de cheangal ar na Ballstáit a staidreamh struchtúrach gnó a chur le chéile trí úsáid a bhaint as an gcoincheap 'fiontar' seachas 'aonad dlí' agus 'aonad príomhghníomhaíochta (APG)' in ionad 'eagras'. Chuir Eurostat tús le comhlíonadh an rialacháin a fhorfheidhmiú in 2015. Tá roinnt Ballstát fós i mbun aonaid staidrimh nua a chur chun feidhme. Sa bhliain ina ndéanann siad amhlaidh don chéad uair, bíonn tionchar ag na hathruithe ar na sonraí agus bíonn siad ina gcúis le sos san amshraith. Níor thángamar ar aon fhianaise gur iarr Eurostat modheolaíochtaí na mBallstát ionas go bhféadfadh sé anailís chríochnúil a dhéanamh ar a gcuid oibre ina leith sin, ná go raibh aon ghníomhaíocht eile déanta acu.

Cúiseanna báis

- Cé go bhféadfaí tuairisciú níos tapa a dhéanamh ar bhásanna le teastais báis leictreonacha, úsáidtear teastais páipéar fós sa Chipir, san Iodáil agus go páirteach san Fhionlainn (85 %). Déanann na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh iad a bhailiú agus a phróiseáil trí úsáid a bhaint as Iris, córas códaithe uathoibrithe, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar inchomparáideacht idirnáisiúnta. San Iodáil, déantar teastais a dhiúltaíonn Iris (120 000 go bliantúil) a ionchódú ag foireann saineolaithe de láimh, agus sa Chipir, déantar gach teastas a ionchódú de láimh. Cuirtear leis an riosca earráide trí theastais de láimh a ionchódú.

50 Rinneamar scrúdú féachaint an ndearna Eurostat anailís ar chomhlíonadh na gcreataí coincheapúla agus an méid **inchomparáideachta** agus **comhleanúnachais** sonraí, agus tháinig sé ar laigí sna réimsí téamacha uile a chumhdaigh ár n-iniúchadh (féach ***Bosca 2***).

Bosca 2

Samplaí de laigí a dhéanann difear d'inchomparáideacht sonraí

Suirbhé ar an bhfórsa saothair

- Tá éagsúlacht idir sonraí na gceistneoirí SFS a úsáideadh sna cúig Bhallstát a ndearnamar anailís orthu. Ní bhfuaireamar aon fhianaise dhoiciméadach go ndearna Eurostat anailís cheart ar an gcaoi a rinneadh ceistneoirí a mhapáil i gcomhréir leis na hathróga éigeantacha. Leis an gcreat nua rialacháin, atá i bhfeidhm ó 2021, chuir Eurostat tús le hoibriú i dtreo na laigí seo a shainaithint agus a cheartú.

Staidreamh Struchtúrach Gnó

- Bhí tionchar ag an bhfíoras gur ghlac Ballstáit an t-aonad nua 'fiontair' ag amanna éagsúla ar shonraí, ní hamháin idir tíortha ach thar thréimhse ama freisin. Déanann comhad meiteashonraí agus tuarascálacha cáilíochta na mBallstát tagairt do shosanna san amshraith mar gheall ar an aonad 'fiontair' a thabhairt isteach. Níl athríomhanna ar shonraí ó bhlianta roimhe seo, ina gcuirtear an t-aonad nua staidrimh san áireamh, iarrtha ag Eurostat chun inchomparáideacht thar thréimhse ama a áirithiú.

Caiteachas sláinte

- Ba cheart caiteachas na soláthraithe neamh-mhargaidh (tairgeoirí sláinte poiblí den chuid is mó) a luacháil tríd an gcur chuige costais a úsáid, lena n-áirítear ídiú an chaipitil sheasta agus na costais táirgthe ar fad ar bhonn fabhruithe. As na cúig Bhallstát inár sampla, ní ghlacann ach an Iodáil an cur chuige sin, ag baint úsáid as sonraí ó na cuntais náisiúnta, lena n-áirítear go luacháiltear na heintitis sin i gceart.

51 Fuaireamar freisin go bhfuil difríochtaí suntasacha ag baint le sonraí a bhaineann le 'cúiseanna báis', rud a léiríonn, in ainneoin líon na dtreoirlínte maidir le comhchuibhiú, nach ndéantar é a ionchódú ar an mbealach céanna i ngach Ballstát. Léirítear i ***bhFíor 8*** inchomparáideacht lag na sonraí maidir le 'cúiseanna báis' do néaltrú: taispeántar go bhfuil difríochtaí suntasacha ann sa bhealach a ndéanann na

Ballstáit néaltrú a ionchódú, ceann de na galair is costasaí[19] agus an dara cúis is mó báis i dtíortha ardioncaim[20]. Thairis sin, cé go seasann galar Alzheimer do 60-70 % de na cásanna néaltraithe[21] ar fud an domhain, bhí éagsúlacht i gceist lena sciar faoin gcatagóir 'néaltrú' i 'gcúiseanna báis' in 2018 ó 3.4 % i Málta go 99.9 % sa Rómáin. Fuaireamar éagothromaíochtaí arda i sciar na mbásanna mar gheall ar ghalair riospráide amhail niúmóine agus an fliú.

Fíor 8 – Néaltrú, lena n-áirítear galar Alzheimer, mar chúis bháis-sampla d'inchomparáideacht theoranta (ráta báis caighdeánaithe, 2018 in aghaidh 100 000 áitritheoir)



NB: Bunaithe ar an Aicmiú Idirnáisiúnta Galar (ICD-10). Áirítear G30 (Alzheimer) agus F01-F03 (néaltraithe eile) sa ghrúpa galar Alzheimer agus néaltraithe eile. Níl sonraí curtha isteach ag an bhFrainc do 2018 (51 in 2017).

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí Eurostat, sonraí CoD.

52 D'fhéadfadh éagothromaíochtaí i dtorthaí sláinte a bheith mar gheall ar dhifríochtaí i gcórais cúraim sláinte nó coinníollacha sláinte pobail, ach freisin mar gheall ar chleachtais códaithe náisiúnta agus/nó uathoibrithe, rud a d'fhéadfadh sonraí neamh-inchomparáide teacht as.

---

[19] El-Hayek, Y., *An Ceann Caol den Deacracht: Measúnú a dhéanamh ar na Costais Shocheacnamaíocha Domhanda a bhaineann le Galar Alzheimer agus ar Néaltraithe agus Impleachtaí Straitéiseacha Gaolmhara do Gheallsealbhóirí*, Iris ar Ghalar Alzheimer, 70, 2019, lch. 323-341.

[20] EDS, Na 10 'gcúis bháis is coitianta', 9 Nollaig 2020.

[21] EDS, Néaltrú:Na Príomhfhíricí, 2 Meán Fómhair 2021.

53 I staidreamh, tá **tráthúlacht** agus **poncúlacht** tábhachtach do chinnteoireacht. I gcás na dtrí réimse a ndearnadh iniúchóireacht orthu, tugann na rialacháin earnála tréimhsí tagartha agus dátaí sonracha faoina gcaithfidh na Ballstáit tuarascálacha cáilíochta agus sonraí/comhaid meiteashonraí a chur faoi bhráid Eurostat (féach *Fíor 9*). Ní chuireann formhór na mBallstát sonraí isteach ach amháin de réir mar a cheanglaítear leis na rialacháin.

Fíor 9 – Spriocdháta maidir le sonraí Ballstáit a chur isteach



Foinse: CIE.

54 Mar a léirítear i *bhFíor 9*, is féidir staidreamh i roinnt réimsí a chur isteach suas le 24 mhí tar éis na tréimhse tagartha, rud a laghdaíonn an tairbhe d'úsáideoirí. In 2018, 2019 agus 2020, níor sheol ach sé, naoi agus ocht mBallstát faoi seach sonraí caiteachas sláinte go deonach laistigh de cheithre mhí roimh dheireadh na bliana tagartha, rud a chomhfhreagraíonn do shonraí níos tráthúla. Thairis sin, nuair a thagann riachtanais nua chun cinn, níl an tsolúbthacht nós imeachta is gá ag CSE chun freagra a thabhairt go tapa le tacair sonraí nua. Tá sé sin tagtha chun solais go mór go háirithe i dtaca le COVID-19, nach raibh sonraí ina leith ar fáil go pras do staidreamh sláinte agus gnó. Maidir le cúiseanna sonraí báis go háirithe, bhí sé riachtanach bealaí malartacha a aimsiú chun rátaí báis a ríomh, eadhon bailiú deonach sonraí a eagrú do

bhásanna seachtainiúla ionas gur féidir básanna iomarcacha míosúla a ríomh (féach ***Iarscríbhinn V***).

55 Thugamar faoi deara go raibh easnaimh maidir le poncúlacht i ngach réimse staidrimh a cumhdaíodh inár n-iniúchadh. Fágtar an próiseas iomlán neamhéifeachtach nuair atá moilleanna i ndáil le sonraí atá as dáta cheana a chur ar fáil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideora. An fhaisnéis atá ar fáil maidir le dátaí iarbhír thíolacthaí na mBallstát, tugann sé fianaise maidir le moilleanna le LFS agus staidreamh sláinte i ndáil le spriocdhátaí dlíthiúla. Léirítear samplaí de mhoilleanna sa staidreamh sláinte i ***mBosca 3***. Ní raibh faisnéis den sórt sin ar fáil do staidreamh struchtúrach gnó, agus mar sin ní rabhamar in ann measúnú a dhéanamh ar an staid sa réimse sin.

Bosca 3

Samplaí de mhoilleanna maidir le sonraí a thíolacadh

Caiteachas sláinte

- I mbabhtaí bhailithe sonraí 2018 agus 2019 (bonnbhlianta 2016 agus 2017), níor sheol ach Ballstát amháin an fhaisnéis riachtanach go hiomlán ach 44 lá tar éis an spriocdháta. Níor sháraigh aon mhoill eile 17 lá.
- Bhí an cás níos measa in 2020, nuair a chaill ocht mBallstát an spriocdháta don tíolacadh. Bhí an mhoill idir 21 agus 75 lá.

Cúiseanna báis

- In 2018 (bonnbhliain 2016) sheol trí Bhallstát na sonraí riachtanacha tar éis an spriocdháta. Bhí comhaid meiteashonraí ag teastáil, ach chuir trí Bhallstát isteach iad go déanach agus níor sheol seacht mBallstát ar chor ar bith iad.
- In 2019 agus in 2020 (bonnbhlianta 2017 agus 2018), bhí 13 Bhallstát in ann sonraí a chur ar fáil laistigh de 18 mí. Sheol trí Bhallstát sonraí tar éis an spriocdháta agus níor sheol siad na comhaid meiteashonraí riachtanach. Níor chuir an Fhrainc, go háirithe, sonraí isteach do 2017 go dtí Meán Fómhair 2021 (moill a mhair 21 mhí) agus fós níl aon sonraí seolta aici do 2018 agus 2019. Ní raibh sé go dtí 12 agus 14 mhí níos déanaí, faoi seach, gur sheol Eurostat litreacha chuig an Fhrainc mar gheall ar neamhchomhlíonadh an rialacháin.

Neamhchaiteachas sláinte

- In 2018, thug deich mBallstát, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, an chéad leagan ar a laghad den cheistneoir sonraí i gcrích tar éis an spriocdháta

comhaontaithe, agus bhí ceithre Bhallstát déanach leis an gceistneoir deiridh a chur isteach.

- In 2019 agus 2020, chuir 19 agus 11 Bhallstát a sonraí (ar a laghad ceistneoir amháin) agus a gcomhaid meiteashonraí faoi seach isteach tar éis an spriocdháta.

56 Agus comhiomláin an Aontais á gcur le chéile, ba cheart do Eurostat meastachán a thabhairt ar shonraí Ballstáit i gcás inar gá. Fuaireamar gur minic nár chuir Ballstáit sonraí ar fáil do na trí réimse théamacha inár n-iniúchadh, nó nár thuairiscigh siad in am. Sna cásanna sin (mar shampla, neamhchaiteachas sláinte agus staidreamh struchtúrach gnó) tá úsáid bainte ag Eurostat as meastacháin chun teacht ar chomhiomlán an Aontais. Eisceacht amháin ab ea comhiomlán an Aontais le haghaidh 'cúiseanna báis' do 2018 nár táirgeadh toisc nach ndearna Eurostat meastachán don Fhrainc (féach ***Bosca 3***).

Táscairí comhchuibhithe faisnéise agus faireachán easnamhach sa tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle

57 Ar deireadh, caithfidh an Coimisiún tuairisc a thabhairt don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le cáilíocht an staidrimh a scaipeann sé, gach trí bhliain, cé is moite de staidreamh sláinte. Rinneamar anailís ar an dá thuarascáil is déanaí a seoladh a bhain le SFS agus staidreamh struchtúrach gnó. Fuaireamar go raibh an leibhéal sonraí éagsúil sa dá thuarascáil agus ní raibh an fhaisnéis leordhóthanach chun léargas soiléir a fháil ar na laigí atá ann cheana féin (féach ***Bosca 4***).

Bosca 4

Laigí i dtuairisciú maidir le cáilíocht don Pharlaimint agus don Chomhairle

Suirbhé ar an bhFórsa Saothair – tuarascáil 2019.

- Faisnéis maidir le roinnt beart cruinnis ach gan anailís chomparáideach do 2014-2017.
- Bhí tábla ann inar léiríodh líon na laethanta féilire idir deireadh na bonnbhliana agus scaipeadh sonraí náisiúnta ag Eurostat, ach gan aon fhaisnéis maidir le cé acu de na Ballstáit a chuir sonraí ar fáil agus cathain.

- Níl aon fhaisnéis maidir le staidreamh rochtana ar mhicreashonraí, soiléireacht suíomhanna gréasáin ná cad iad na Ballstáit a raibh sosanna acu san amshraith.

Staidreamh Struchtúrach Gnó – 2021 tuarascáil

- Tá na Ballstáit grúpáilte i gcatagóirí de réir leibhéil comhlíonta ach níl aon fhaisnéis maidir leis na critéir ghrúpála agus ní dhéantar na Ballstáit i ngach Ballstát a ainmniú.
- Níl aon fhaisnéis lena sainaithnítear na Ballstáit nár thuairiscigh in am, ná a thugann fad na moilleanna.
- Níl aon tagairt do shaincheisteanna inchomparáideachta a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an aonad staidrimh nua 'fiontar' a thabhairt isteach.
- Níl aon fhaisnéis maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le feabhas a chur ar riachtanais úsáideora amhail sonraí atá níos tráthúla agus infhaighteacht tacar sonraí do FBManna mar atá sainithe ag an Aontas.

58 Níor bhain an dá thuarascáil úsáid as táscairí faireacháin mionsonraithe chun an dul chun cinn ar SLS agus na rialacháin maidir le staidreamh struchtúrach gnó a thaispeáint. Tá táscairí iomchuí ag teastáil do gach aschur staidrimh chun gur féidir faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialachán agus ar thiomsú faisnéise comhchuibhithe maidir le cáilíocht sonraí.

Ní dhéantar comhchuibhiú leordhóthanach ar nósanna imeachta scaipthe

59 Chun **inrochtaineacht** agus **soiléireacht** a áirithiú maidir le staidreamh a eisiúint, ba cheart do Eurostat, i measc nithe eile, nósanna imeachta i scríbhinn atá oiriúnach a chur i bhfeidhm ina bhfuil beartas eisiúna agus féilire eisiúna[22]. Ba cheart don bheartas eisiúna idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla foilseacháin agus miondealuithe, agus ba cheart féilire eisiúna agus an beartas athbhreithnithe a chur ar fáil go poiblí roimh ré.

60 Léirigh na doiciméid a ndearnamar scrúdú orthu go bhfuil sraith uirlisí agus nósanna imeachta forbartha ag Eurostat, amhail rialacha eagarthóireachta, a chuireann sé i bhfeidhm don phróiseas scaipeadh. Níl aon rialacha ann , áfach, lena leagtar amach tráthchlár ón mbailiú go dtí foilsiú na sonraí ag Eurostat lena n-áirítear

[22] Mar a mhínítear in CoP 2017.

ceanglas a leagan síos chun sonraí gach Ballstáit a fhoilsiú ar an dáta céanna. Ó lár 2021, tá féilire eisiúna bliantúil forbartha agus foilsithe ag Eurostat do phríomhtháirgí i gcomhréir le CoP.

61 Rinneamar dátaí foilsithe SFS agus sonraí caiteachais sláinte a sheiceáil, arbh iad na comhaid sin amháin a bhí ar fáil dúinn. Le linn 2018-2020, níor scaip Eurostat sonraí SFS na mBallstát uile ar an dáta céanna. Bhí sé mar an gcéanna i gcás sonraí maidir le caiteachas sláinte, toisc go raibh roinnt Ballstát (féach mír ***54*** agus ***Bosca 3***) déanach lena sonraí a chur isteach agus freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin Eurostat le linn an phróisis bailíochtaithe. Rinne moilleanna ar scaipeadh an tréimhse a fhadú idir an bhonnbhliain agus an dáta foilsithe.

62 I gcomhréir le CoP, d'fhorbair agus d'fhoilsigh Eurostat féilire eisiúna bliantúil do phríomhtháirgí do 2022. Maidir leis na trí réimse théamacha inár n-iniúchadh, áfach, ní fhoilsítear sonraí áirithe (táscairí, miondealú de réir leibhéal aicmithe, buntréimhsí, míreanna a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu, etc.).

63 Cuspóir amháin atá ag beartas athbhreithnithe agus féilire is ea úsáideoirí a chur ar an eolas faoin tionchar intuartha a bheadh ag athruithe atá beartaithe maidir le hinchomparáideacht, lena gcuirtear ar a gcumas sosanna in amshraith a thuar agus a bhainistiú (féach ***Iarscríbhinn III***). Fuaireamar go ndearna Eurostat sonraí a nuashonrú de réir mar a tháinig tíolacthaí isteach agus i gcás ina raibh athbhreithnithe agus ceartúcháin ag teastáil. Níl beartas ginearálta athbhreithnithe ag Eurostat, ach bhí beartais shonracha forbartha do réimsí amhail staidreamh gnó. I réimsí eile, amhail 'caiteachas sláinte' agus 'cúiseanna báis' déantar athbhreithniú ar shonraí ach níl siad faoi réir comhbheartais; tá athbhreithnithe ag brath ar bheartas gach Ballstáit.

D'fhéadfadh rochtain réamheisiúna an comhionannas a chur i mbaol agus sceitheadh faisnéise a chumasú

64 Chun muinín a chothú i staidreamh oifigiúil, sonraítear i gcreat dlíthiúil an Aontais agus i bprionsabail staidrimh idirnáisiúnta araon nach mór caitheamh go comhionann le gach úsáideoir[23]. Tá na treoirlínte ábhartha idirnáisiúnta níos soiléire fós ar an gcaoi go ndéanann siad tagairt do rochtain chomhuaineach (féach ***Iarscríbhinn III***).

[23] Airteagail 2 agus 18(1) de Rialachán 223/2009, mar a leasaítear, Airteagal 6(2) de Chinneadh 2012 ón gCoimisiún maidir le Eurostat agus prionsabail chódaithe na Náisiún Aontuithe (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe agus na Prionsabail lena rialaítear Gníomhaíochtaí Staidrimh Idirnáisiúnta).

65 San athbhreithniú piaraí in 2014, bhí ESGAB den tuairim go raibh cás láidir ann go gcuirfí toirmeasc lán ar réamheisiúint agus mhol siad imscrúdú a dhéanamh ar thionchar gníomhaíochta den sórt sin (féach ***Iarscríbhinn VI***: 2014/11). Ó shin, tá ceithre mholadh eile déanta ag ESGAB maidir le, i measc nithe eile, minicíocht agus líon staidreamh a laghdú atá faoi réir réamheisiúna agus maidir le comhchuibhiú agus trédhearcacht cleachtas réamheisiúna i measc chomhpháirtithe CSE (2015/5, 2015/6 2015/7, 2018/1[24]). Thugamar faoi deara nach bhfuil ach dul chun cinn éigin déanta ag Eurostat maidir leis na moltaí sin a chur chun feidhme. In 2021, d'iarr ESGAB ar Eurostat athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar a chleachtas maidir le staidrimh a réamheisiúint laistigh den Choimisiún (féach ***Iarscríbhinn VII***: 2021/4). Mar fhreagairt, chomhaontaigh Eurostat forléargas a thabhairt ar staid na himeartha sna meabhráin tuisceana atá ann cheana leis na ranna eile den Choimisiún.

66 Tá údar cuí le rochtain réamheisiúna ar leibhéal CSE ar bhonn CoP[25]. Tugann Eurostat rochtain réamheisiúna ar phríomhshonraí ar leith dá ardbhainistíocht féin, AS na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, AS EMPL agus BCE, chomh maith leis na meáin. Faigheann gníomhaireachtaí nuachta creidiúnaithe preaseisiúintí roimh ré faoi thrádbhac trí mhodh leictreonach[26]. Os a choinne sin, ní thugann Institiúid Náisiúnta Staidrimh na hIodáile rochtain réamheisiúna ach amháin le linn faisnéis a thabhairt d'iriseoirí gan aon teagmháil sheachtrach (an córas glasála)[27] Measaimid nach ndéanann socrú Eurostat a áirithiú nach bhfuil sceitheadh sonraí ann.

67 Má thugtar rochtain réamheisiúna do shonraí macreacnamaíoch, tá an riosca ann go ndéanfadh dóibh siúd a fhaigheann go luath é brabús eacnamaíoch (féach ***Bosca 5***). D'fhéadfadh an rogha maidir le rochtain réamheisiúna a bheith ina chúis le deiseanna maidir le tairbhí eacnamaíocha a d'fhéadfadh na margaí a shaobhadh go tromchúiseach.

---

[24] Tuarascáil Bhliantúil ESGAB 2015 agus Tuairim ó ESGAB maidir le cur chun feidhme ghealltanais an Choimisiúin maidir le muinín (2018).

[25] Prionsabal 6: 'Tá rochtain ag gach úsáideoir ar eisiúintí staidrimh ag an am céanna. Déantar rochtain phribhléideach réamheisiúna d'aon úsáideoir seachtrach a theorannú, a dhlisteanú , a rialú agus a phoibliú'.

[26] Prótacal maidir le rochtain neamhchlaonta ar shonraí Eurostat d'úsáideoirí, Eanáir 2014.

[27] ISTAT, Trádbhac: beartas maidir le faisnéis cheart a tharchur.

Bosca 5

Taighde ar an tionchar féideartha maidir le margaí caipitil

Fuair anailís a rinneadh sa **tSualainn**, áit nach bhfuil aon rochtain réamheisiúna le fáil ann, maidir le sonraí trádála idir Eanáir 2011 agus Márta 2017 nár léirigh *krona* na Sualainne aon luaineachtaí nó comharthaí gluaiseachta sular eisíodh sonraí macreacnamaíocha oifigiúla.

Sa **Ríocht Aontaithe**, áit ina raibh rochtain réamheisiúna fhorleathan ann, thaispeáin anailís ar shonraí trádála idir Aibreáin 2011 agus Nollaig 2016 gur bhog an punt go géar san uair sular tháinig na sonraí amach. Mar thoradh air sin, i mí Iúil 2017, chinn an institiúid staidrimh náisiúnta sa Ríocht Aontaithe, níos mó srianta ar réamheisiúint a chur i bhfeidhm.

Thug anailís ar shonraí trádála ó 2012 go 2017 sa **Ghearmáin**, áit ina raibh rochtain fhorleathan réamheisiúna freisin, chun solais gur bhog todhchaíochtaí airgeadraí Euro níos mó ná mar ba ghnách le linn an tríocha nóiméad sular eisíodh sonraí. Mar thoradh air sin, i mí na Nollag 2017, chinn institiúid staidrimh náisiúnta na Gearmáine srian a chur ar rochtain réamheisiúna na ngníomhaireachtaí nuachta.

Ar deireadh, sna **Stáit Aontaithe**, áit ina bhfuil rochtain réamheisiúna ann, thaispeáin anailís 2016 ar shonraí trádála idir Eanáir 2018 agus Márta 2014 fianaise ar thrádáil fheasach suntasach roimh an am eisiúna oifigiúil d'fhógraí maicreacnamaíocha na Stáit Aontaithe.

Foinse: Kurov, A. et al., *Athrú praghais roimh nuacht mhaicreacnamaíoch na Stát Aontaithe: faisnéis phríobháideach faoi fhógraí poiblí?* Sraith Páipéir Oibre Uimh. 1901, BCE, 2016; Kurov, A. et al., *Síobadh, Imigh Leat! Beartais Réamheisiúna agus Trádáil Fheasach ar Réamhfhógairt*, 2021; Georgiou, A., *Níl rochtain réamheisiúna ar staidreamh oifigiúil comhsheasmhach le heitic ghairmiúil*, Iris Staidrimh IAOS, imleabhar. 36, Uimh. 2, lgh. 313-325, 2020; Georgiou, A., *Níl rochtain réamheisiúna ar staidreamh oifigiúil comhsheasmhach le heitic ghairmiúil: Machnamh breise*, Iris Staidrimh IAOS, imleabhar. 38, Uimh. 1, lgh. 321-329, 2022.

68 Chun críche na trédhearcachta, molann dea-chleachtas idirnáisiúnta liosta rochtana réamheisiúna a bhaineann le preasráitis a chur leis. Ní thugann suíomh gréasáin Eurostat faisnéis chuimsitheach maidir le gach úsáideoir agus post ainmnithe a thairbhíonn den rochtain réamheisiúna.

69 In CSE, tá deireadh curtha leis an gcleachtas sonraí réamheisiúna a chur ar fáil do rialtais agus/nó na meáin ag deich dtír ar a laghad (an tSeicia, an Danmhairg, an Chróit, an Iodáil, an Pholainn, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn, an Íoslainn agus an Iorua). Tá cleachtais réamheisiúna laistigh de CSE fós neamh-chomhchuibhithe dá bharr sin (féach mír ***65***).

Níor baineadh leas iomlán as an bhféidearthacht go bhféadfadh athbhreithnithe piaraí feabhsuithe a bhaint amach

70 Úsáidtear athbhreithnithe piaraí chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíon Eurostat agus córais náisiúnta staidrimh prionsabail CoP ar an iomlán, arb é sin an bhunchloch do chomhchreat cáilíochta CSE. Déanann foireann saineolaithe athbhreithniú piaraí ar chórais náisiúnta staidrimh agus déanann ESGAB athbhreithniú piaraí ar Eurostat. Ós rud é gur glacadh CoP don chéad uair in 2005, tá trí bhabhta d'athbhreithnithe piaraí féinrialaithe ag CSE, rud a chiallaíonn go ndéanann Coiste CSE cinntí a bhaineann leo go hinmheánach (féach ***Fíor 2***). Sna míreanna seo a leanas, scrúdaíomar an méid seo a leanas:

(a) ar chuir an Coimisiún chun feidhme na moltaí ón dara hathbhreithniú piaraí go héifeachtach;

(b) an raibh faireachán Eurostat ar an dul chun cinn atá déanta ag córais náisiúnta staidrimh éifeachtach i dtreo na moltaí ón dara hathbhreithniú piaraí a chur chun feidhme; agus

(c) an bhfuil leagan amach an tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí ar chórais náisiúnta staidrimh oiriúnach don fheidhm.

Tá dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún leis an gcuid is mó de mholtaí athbhreithnithe piaraí

71 Chun a áirithiú go bhfuil an tionchar is mó ag moltaí ESGAB, tá sé tábhachtach go ndéanann an Coimisiún na moltaí sin a chur chun feidhme go pras agus chomh hiomlán agus is féidir. Mura ndéantar é seo, ba cheart údar cuí a thabhairt i gcomhréir le treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais staidrimh idirnáisiúnta.

72 In 2014, rinne ESGAB an dara hathbhreithniú piaraí ar Eurostat agus d'eisigh sé 16 mholadh a thug aghaidh ar shé phríomhréimse: an reachtaíocht atá mar bhonn le nósanna imeachta maidir le hardbhainistíocht a cheapadh nó a dhífhostú; dearadh na reachtaíochta staidrimh; comhleanúnachas staidrimh Eorpaigh; scaipeadh; cumarsáid agus úsáideoirí; agus comhordú (féach ***Iarscríbhinn VI***). Mar fhreagairt air sin, d'fhorbair Eurostat plean cur chun feidhme ina raibh 20 gníomhaíocht feabhsúcháin[28].

[28] Moltaí ESGAB agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin Eurostat mar fhreagairt ar na moltaí.

73 Fuaireamar go raibh dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún ar an gcuid is mó de na moltaí athbhreithnithe piaraí, go háirithe na moltaí sin a bhaineann le hailtireacht reachtaíochta, agus cumarsáid agus úsáideoirí. Mar sin féin, níor glacadh le agus/nó níor tugadh aghaidh go héifeachtach ar roinnt moltaí tábhachtacha sna réimsí a bhaineann le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht (reachtaíocht ar ardbhainistíocht a cheapadh nó a dhífhostú; agus rochtain réamheisiúna – féach míreanna ***64***-***69***)[29].

74 San athbhreithniú piaraí in 2014, d'eisigh ESGAB ceithre mholadh a thug aghaidh ar réimse iomlán reachtaíocht an Aontais maidir le hardbhainistíocht Eurostat a earcú, a cheapadh agus a dhífhostú (féach ***Iarscríbhinn VI***: 2014/1 - 2014/4). Níor ghlac Eurostat leis na moltaí agus níor mhol siad aon ghníomhaíochtaí feabhsúcháin comhfhreagracha, áfach. D'fhógair Eurostat go ndeachaigh na moltaí níos faide ná CoP (2014/1, 2014/2 agus 2014/4) nó gur tugadh aghaidh go leordhóthanach orthu i gcreat dlíthiúil an Aontais (2014/3). San athbhreithniú piaraí dár gcionn (2021), d'athdhearbhaigh ESGAB roinnt dá moltaí sa réimse seo (féach ***Iarscríbhinn VI***: 2021/1 agus 2021/2), nár glacadh leo go fóill.

75 In 2012, mholamar an méid seo a leanas freisin[30]: *'Chun cur chun feidhme iomlán Chód cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a bhaint amach ba cheart don Choimisiún: [...] (d) feabhas a chur ar neamhspleáchas gairmiúil Phríomhstaitisteoir an Aontais Eorpaigh trí é/í a cheapadh do shainordú téarma shocraithe tar éis dó/di tuairim fhabhrach a fháil ó ESGAB agus formhuiniú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle'*. In ainneoin tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa, níor cuireadh ár moladh chun feidhme, toisc go raibh an Coimisiún den tuairim go raibh an creat dlíthiúil atá ann cheana iomchuí agus go raibh na coimircí riachtanacha i bhfeidhm cheana féin.

Tá measúnú Eurostat ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí feabhsúcháin athbhreithnithe piaraí ag na Ballstáit bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach i measc na n-údarás staidrimh den chuid is mó

76 Áirítear le ról comhordaithe Eurostat an faireachán éifeachtach ar mholtaí a rinneadh do Bhallstáit mar gheall ar athbhreithnithe piaraí saineolaithe. Tar éis an dara hathbhreithniú piaraí (2013-2015), bhain Eurostat úsáid as ceistneoirí bliantúla chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhaontaithe feabhsúcháin ag institiúidí staidrimh náisiúnta (2016-2019). Mar phrionsabal

---

[29] Tuarascáil Bhliantúil ESGAB 2021.

[30] CIE, Tuarascáil speisialta 12/2012.

ginearálta, bhí an cleachtadh faireacháin iomlán bunaithe ar mhuinín den chuid is mó, ós rud é gur tugadh gníomhaíochtaí feabhsúcháin isteach faoi fhreagracht institiúidí staidrimh náisiúnta. Bhí orthu sin a áirithiú go raibh siad iomchuí, críochnaitheach agus doiciméadaithe go sásúil. Ní ach ag an mbabhta deireanach den fhaireachán, in 2019, a ndearna Eurostat iarracht an dul chun cinn a thuairiscíodh a fhíorú trí iarrataí ar shoiléiriú a sheoladh chuig Ballstáit.

77 Léirítear i ***bhFíor 10*** dul chun cinn institiúidí staidrimh náisiúnta thar thréimhse ama i dtreo chomhlánú na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin a thagann ón dara hathbhreithniú piaraí. De réir na tuarascála faireacháin is déanaí atá ar fáil, bhí 155 as 910 ngníomhaíocht a sainaithníodh (17 %) fós neamhiomlán ag deireadh 2019 (féach ***Iarscríbhinn VII*** do mhiondealú mionsonraithe).

Fíor 10 – Comhlánú ghníomhaíochtaí feabhsúcháin ó 2016



NB: Áirítear i sonraí 2019 18 ngníomhaíocht atá 'dúnta' mar gheall nár beartaíodh aon obair bhreise. As na 173 ghníomhaíocht neamhiomlán, bhí 8 gcinn sa Ríocht Aontaithe agus ní raibh tuilleadh faisnéise ar fáil maidir lena stádas.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

78 Fuaireamar go raibh bac ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin nuair a bhí siad ag brath ar chomhlachtaí lasmuigh d'institiúid staidrimh náisiúnta, nó nuair a bhí toil agus/nó tacaíocht pholaitiúil in easnamh. Bhí athruithe reachtacha i gceist le gníomhaíochtaí den chineál seo (e.g. maidir le cinn institiúidí staidrimh náisiúnta a cheapadh nó a dhífhostú, rochtain ar shonraí riaracháin, comhlachtaí maoirseachta a chruthú) ach bhain roinnt eile le hacmhainní daonna nó airgeadais nó fiú forbairt TF.

79 San Iodáil agus san Fhionlainn, is beag dul chun cinn atá déanta ag an bpróiseas reachtach, níl gníomhaíochtaí curtha i gcrích go fóill, níos mó ná seacht mbliana tar éis an dara hathbhreithniú piaraí. Sa Chróit agus sa Chipir, rinneadh na hathruithe reachtacha iomchuí tar éis moill a mhair thart ar chúig bliana. Ní raibh baint ag

ionadaithe sinsearacha na bpríomh-gheallsealbhóirí (aireachtaí, parlaimint) sna hathbhreithnithe piaraí in am chun cur chun feidhme príomhghníomhaíochtaí ar shaincheisteanna a éascú maidir le leagan amach agus rialachas institiúideach (neamhspleáchas gairmiúil).

80 Chomh maith le neamhspleáchas gairmiúil, tá acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla ag teastáil ó údaráis staidrimh náisiúnta chun a gcláir staidrimh a chur chun feidhme (féach ***Iarscríbhinn III***). Scrúdaíomar tuarascálacha speisialta ESGAB, athbhreithnithe piaraí ar Bhallstáit agus faisnéis faoi acmhainní, agus d'iarramar ar na cúig thír inár sampla agus ar gheallsealbhóirí eile dá dtuairimí maidir le rialachas i gcórais staidrimh náisiúnta.

81 Fuaireamar nach féidir neamhspleáchas gairmiúil a ráthú i gcónaí, go háirithe nuair a bhaineann sé le cinn institiúidí staidrimh náisiúnta a cheapadh agus a dhífhostú. Ós rud é gur cuid d'aireacht iad údaráis náisiúnta eile, tá a neamhspleáchas níos éiginnte fós. Comhthacaíonn ár mbarúil le fionnachtain Eurostat nach raibh 25 as 72 ghníomhaíocht feabhsúcháin (35 %) a bhaineann le neamhspleáchas gairmiúil críochnaithe amhail i mí na Nollag 2019 (féach ***Iarscríbhinn VII***).

82 Bhí roinnt institiúidí staidrimh náisiúnta i dteagmháil linn freisin maidir lena n-ábhair imní faoina spleáchas airgeadais, agus luaigh siad neamhdhóthanacht dá n-acmhainní i bhfianaise an éilimh mhéadaithigh do staidreamh nua agus an gá atá le hinfheistíocht shuntasach theicneolaíoch. Ina leith sin, i mí na Samhna 2021, shainaithin an Chomhairle nach mór acmhainní daonna leormhaithe a thabhairt do Eurostat agus do chórais náisiúnta araon ionas gur féidir leo tuilleadh oibre a dhéanamh le foinsí sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha nua[31].

Tháinig feabhas ar dhearadh athbhreithnithe piaraí thar thréimhse ama ach tá easnaimh mhóra fós ann

83 Tá sé mar chuspóir ag na hathbhreithnithe piaraí measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht phrionsabal CoP ag comhpháirtithe CSE, arb é sin bunchloch den chomhchreat cáilíochta arna bhunú chun cáilíocht staidrimh Eorpaigh a áirithiú. Ina choinne sin, ní dhéantar ach féinmheasúnú ar fhormhór na gcóras staidrimh lasmuigh den Eoraip. Lasmuigh de chomhlíonadh, cuspóir eile is ea moltaí a chur ar fáil a

[31] Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach mar a d'fhormheas an Chomhairle ECOFIN, an 9 Samhain 2021.

chuidíonn le húdaráis staidrimh a gcórais staidrimh a fheabhsú agus a fhorbairt. Tugtar tuairisc i ***bhFíor 11*** ar phríomhchéimeanna athbhreithnithe piaraí.

Fíor 11 – Scracfhéachaint ar athbhreithnithe piaraí



Foinse: CIE, bunaithe ar Eurostat.

84 Léirítear i ***dTábla 2*** an chaoi ar tháinig athrú ar phríomhghnéithe de dhearadh athbhreithnithe piaraí thar thréimhse ama. Bhí sé i gceist ag an gcéad athbhreithniú piaraí (2005-2007) feasacht CoP a ardú go príomha agus cleachtadh tosaigh a thabhairt do na rannpháirtithe go léir. Bhí laigí suntasacha ag baint leis, áfach[32]. Tháinig feabhas ar an dara babhta (2013-2015) ó thaobh an deartha de, áiríodh tuarascálacha seachtracha ann agus bhain sé aitheantas idirnáisiúnta níos mó amach. Chuir an tríú babhta (2021-2023) roinnt moltaí eile ESGAB chun feidhme freisin. Bhí na Ballstáit inár sampla sásta le hionchur Eurostat sa phróiseas deartha den chuid is mó agus chuir siad i bhfáth go raibh baint acu ón tús leis an modheolaíocht a tharraingt suas.

[32] Féach CIE, Tuarascáil speisialta 12/2012: 'Ar chuir an Coimisiún agus Eurostat feabhas ar an bpróiseas chun staidreamh iontaofa agus inchreidte a tháirgeadh?' agus Tuarascáil Bhliantúil ESGAB 2011.

Tábla 2 - Príomhghnéithe dearaidh na dtrí bhabhta d'athbhreithnithe piaraí

	An chéad bhabhta (2005/ R1 2007)	An dara babhta (2013-2015)	An tríú babhta (2021-2023)
Cur chuige	Cur chuige athbhreithnithe piaraí	Cur chuige atá cosúil leis an iniúchóireacht	Meascán den dá chur chuige
CoP a chumhdach	Go páirteach (6 phrionsabal)	Go hiomlán (15 phrionsabal)*	Go hiomlán (16 phrionsabal)*
Córais staidrimh náisiúnta a chumhdach	NSI amháin	NSI agus suas le 3 ONA	NSI agus 3-6 ONA
Athbhreithneoirí piaraí	Ionadaithe ó NSInna eile	Ionadaithe ó NSInna eile agus saineolaí seachtrach	Ionadaithe ó NSInna eile, saineolaí seachtrach agus comhalta de Eurostat

* N.B. ó 2017 bhí 16 phrionsabal ag CoP.

Foinse: CIE.

85 Fuaireamar le linn ár gcruinnithe le geallsealbhóirí go bhfuil comhdhearcadh ann go gcaithfear athbhreithnithe piaraí a dhéanamh sách minic chun feabhsuithe cáilíochta leantacha a éascú in CSE. Beidh an mheántréimhse idir an dara agus an tríú babhta seacht mbliana go leith, agus beidh sé beagnach deich mbliana don tSlóvaic. Leis an aga moille seo, ní féidir éifeachtaí athruithe amhail dul chun cinn teicneolaíochtaí agus foinsí sonraí nua a ghabháil, rud a chiallaíonn go gcaithfidh CSE a bheith ar an airdeall agus inoiriúnaithe faoi.

86 Chun a áirithiú go bhfuil athbhreithnithe piaraí cuimsitheach agus cothrom, caithfidh siad meastóireacht a dhéanamh ar na gnéithe criticiúla de gach córas staidrimh náisiúnta ina iomláine. Mar sin féin, foráladh le modheolaíocht 2020 uasmhéid de sé údarás náisiúnta rannpháirteacha eile in aghaidh na tíre, tairseach threallach nach gcuireann san áireamh a mhéid atá táirgeadh staidrimh Eorpaigh díláraithe laistigh de thír (féach ***Iarscríbhinn VIII***). Chomh maith leis sin, bhí an mhodheolaíocht mholta doiléir agus suibiachtúil, agus níor chuir sí critéir roghnúcháin inchomparáide i bhfeidhm do gach tír. Ina theannta sin, roghnaíonn institiúidí staidrimh náisiúnta údaráis náisiúnta eile atá rannpháirteach, seachas ar leibhéal an Aontais, de réir mar a bheadh ag teastáil ó chreidiúnacht agus chomhsheasmhacht an chleachta. Ní raibh baint ná páirt ag ESGAB ná aon saineolaithe athbhreithnithe piaraí i ndáil le húdaráis náisiúnta eile a roghnú.

87 Chuir go leor institiúidí staidrimh náisiúnta teorainn le líon na n-údarás náisiúnta eile go trí cinn. Is tairseach threallach eile é seo, a fhágann go bhfuil an riosca ann go n-eisiafar príomhúdaráis náisiúnta eile don staidreamh Eorpach. Luaigh institiúid staidrimh náisiúnta go sainráite gurbh é a túsphointe ná nach roghnóidís ach trí údarás náisiúnta eile. Tríd an gcur chuige seo a ghlacadh, níor chlúdaigh sé an t-údarás náisiúnta eile a bhí freagrach as sonraí 'cúiseanna báis' – comhlacht nár éirigh leis na sonraí riachtanacha a chur faoi bhráid Eurostat dhá bhliain as a chéile.

88 Cuireadh ESGAB ar bun chun feabhas a chur ar neamhspleáchas, ionracas agus cuntasacht Eurostat agus CSE[33] chun freagra a thabhairt ar laigí i gcórais náisiúnta[34]. Ina ról teoranta, áfach, ní dhéanann ESGAB ach tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Pharlaimint agus don Chomhairle, ina n-áirítear measúnú neamhspleách a dhéanamh ar CoP a chur chun feidhme in CSE ina iomláine, le béim ar Eurostat seachas córais staidrimh náisiúnta. In 2012, mholamar feidhm mhaoirseachta a fhorbairt trí shíneadh a chur le cúram ESGAB[35]. Cé go bhfuil sé glactha, níor cuireadh an moladh chun feidhme go héifeachtach.

89 Faoi láthair, ciallaíonn nádúr 'féinrialaithe' athbhreithnithe piaraí CSE go ndéantar a ndearadh (uainiú, scóip, cur chuige, an nós imeachta roghnúcháin d'údaráis náisiúnta eile, agus comhdhéanamh agus roghnú foirne saineolaithe) a aontú trí chomhairliúchán i measc comhpháirtithe a léiríonn réimse leasanna náisiúnta, in ionad peirspictíochtaí níos leithne de chuid an Aontais. In ainneoin go bhfuil sé neamhspleách ar leasanna náisiúnta, ní dhéanann ESGAB cinneadh maidir le príomhghnéithe deartha.

---

[33] Arna chur ar bun le Cinneadh Uimh 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[34] COM(2005) 217 final agus W. Radermacher (2011), Staidreamh Eorpach: Líon daoine.

[35] CIE, Tuarascáil speisialta 12/2012: 'Ar chuir an Coimisiún agus Eurostat feabhas ar an bpróiseas chun staidreamh iontaofa agus inchreidte a tháirgeadh?'

Conclúidí agus moltaí

90 Is é ár gconclúid fhoriomlán ná go gcuireann an Coimisiún staidreamh Eorpach ar fáil atá leormhaith ar an iomlán do lucht ceaptha beartais, gnólachtaí agus saoránaigh. Tá aghaidh le tabhairt fós ar roinnt laigí, áfach.

91 Go príomha, léiríonn pleananna straitéise Eurostat na tosaíochtaí institiúideacha a leagtar amach i gcláir staidrimh Eorpacha comhleanúnacha. Mar sin féin, ní éiríonn leo cur chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí a thomhas (féach míreanna ***22***-***23***).

92 Ní léiríonn an príomhchomhlacht ionadaíochta d'úsáideoirí, an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach, na húsáideoirí uile go héifeachtúil mar atá sé faoi láthair, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta agus cur chuige comhchoiteann an phobail acadúil agus taighde. Ina theannta sin, níl mórán dul chun cinn déanta ag an gCoiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach ó thaobh a chaidrimh le comhairlí úsáideoirí náisiúnta. Ní fhreastalaítear go hiomlán ar riachtanais úsáideoirí, ós rud é go bhfuil bearnaí sna sonraí atá faoi iniúchóireacht. Níor thug an Clár Staidrimh Eorpach tús áite i gcónaí do ghníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin d'fhonn ábharthacht staidreamh Eorpach a fheabhsú, agus ní chuireann Eurostat an sainmhíniú FBM i bhfeidhm i gceart (féach míreanna ***24***-***29***).

Moladh 1 – Freastal ar riachtanais úsáideoirí níos fearr

Chun freastal ar riachtanais úsáideoirí ar bhealach níos fearr, ba cheart don Choimisiún an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanamh níos cuimsithí, trí ionadaíocht chothrom agus éifeachtúil do gach úsáideoir ann le tacaíocht ó shaineolaithe i réimsí sonracha.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2023

93 In ainneoin cistiú méadaithe tríd an gClár Staidrimh Eorpach, tá táirgeadh staidreamh Eorpach fós ag brath go páirteach ar chistiú ó ranna eile de chuid an Choimisiúin. Clúdaíonn an cistiú a soláthraíodh na riachtanais institiúideacha ar an bhformhór. Cé go maoiníonn cúpla deontas AE tionscadail nuálaíochta, tugann méid suntasach díobh maoiniú iarbhír gníomhaíochtaí staidrimh éigeantacha. Dá bhrí sin, tá teorainn ar an mbreisluach a d'fhéadfadh an Clár Staidrimh Eorpach a chur le tionscadail nuálaíochta chun iad a chothú. Cé go ndearnadh measúnú ar dheontais aonair, ní raibh údar tugtha do na measúnuithe cáilíochtúla ar na torthaí go ginearálta,

rud a chuireann teorainn leis an scóip d'obair leantach agus a laghdaíonn inbhuanaitheacht na torthaí (féach míreanna ***30***-***34***).

Moladh 2 – Féachaint le neamhspleáchas airgeadais an Chláir Staitistiúil Eorpaigh a fheabhsú agus tosaíocht a thabhairt do thionscadail nuálaíochta

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú a dhéanamh ar indéantacht an chéad Chlár Staidrimh Eorpach eile gan a bheith ag brath chomh mór sin ar fhoinsí éagsúla maoinithe; agus

(b) tús áite a thabhairt do thionscadail nuálaíochta le breisluach AE soiléir.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2024

94 Tá córas bainistíochta cáilíochta iomchuí ag Eurostat. Tá a thacaíocht do Bhallstáit oiriúnach den chuid is mó. Níl treoracha inmheánacha ann lena leagtar amach creat chun tacaíocht a chur ar fáil, áfach, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh fadhbanna modheolaíochta casta tréimhse fhada le réiteach, rud a chuireann isteach ar roinnt gnéithe cáilíochta sonraí, lena n-áirítear inchomparáideacht (féach míreanna ***35***-***39***).

95 Fuaireamar nach gcomhlíonann tuarascálacha cáilíochta ó Bhallstáit i gcónaí na treoracha, agus nach ndéantar iad a chomhchuibhiú idir ná laistigh de nósanna imeachta staidrimh. Tá éagsúlacht ann maidir le leibhéal an mhionsonraithe idir Ballstáit, agus is deacair cáilíocht sonraí a thuiscint agus a mheasúnú go cuí dá bharr. Tá éagsúlachtaí ann i dtaca le minicíocht agus cáilíocht an tuairiscithe idir gníomhaíochtaí staidrimh, agus níl tuairisciú éigeantach díobh ar fad. Is faisnéis neamhiomlán atá fágtha d'úsáideoirí mar gheall ar na laigí sin (féach míreanna ***40***-***43***).

96 Níor tugadh an chumhacht do Eurostat go fóill chun obair fíoraithe ar an láthair a dhéanamh sna trí réimse sin a chuireamar faoi iniúchóireacht. Bailíochtaíonn sé na sonraí atá curtha isteach ag Ballstáit, ach ní dhéanann sé toradh a mheasúnuithe a dhoiciméadú go cuí i gcónaí. Ní dhéanann sé grinnmheasúnuithe ar na gnéithe cáilíochta uile, amhail inchomparáideacht agus comhleanúnachas. (féach míreanna ***44***-***52***).

97 Is ábhar cúraim iad tráthúlacht ar staidreamh sláinte agus gnó go háirithe, ós rud é gur féidir roinnt tacar sonraí a thíolacadh 14 go 24 mhí tar éis na bonnbhliana. Mar gheall ar easpa sonraí fíor-ama do 'chúiseanna báis', meastar rátaí básmhaireachta le modhanna malartacha. Níl an próiseas iomlán éifeachtúil d'úsáideoirí mar gheall ar mhoilleanna i dtaca leis na sonraí a sheachadadh. Tá treoracha ag Eurostat chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na rialacháin, ach ní ghabhann siad chomh fada le hamchlár a bhunú. Níl an tsolúbthacht ag CSE freagairt go tapa. I gcás bearnaí maidir le 'cúiseanna báis' ar an leibhéal náisiúnta, níl meastacháin déanta ag Eurostat agus níl figiúirí comhiomlánacha an Aontais ar fáil mar thoradh air sin (féach míreanna ***53***-***56***).

98 Nuair a cheanglaítear a leithéid ag an reachtaíocht, cuireann an Coimisiún tuarascálacha isteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi cháilíocht an staidrimh. Ní léiríonn siad íomhá shoiléir de na laigí atá ann cheana féin, áfach, agus tá easpa táscairí faireacháin mionsonraithe acu lena dtaispeántar dul chun cinn i ndáil leis na rialacháin. Níl sé de cheangal ar roinnt rialacháin earnála, amhail an tsláinte, tuarascálacha den sórt sin a chur isteach (féach míreanna ***57***-***58***).

Moladh 3 – Tuarascálacha cáilíochta na mBallstát agus measúnú cáilíochta staidreamh Eorpacha a fheabhsú

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú go mbunaítear na tuarascálacha cáilíochta a fhaigheann sé ó Bhallstáit ar chomhchaighdeáin agus go bhfuil faisnéis iomlán agus inchomparáideach iontu; agus

(b) measúnuithe níos críochnúla agus a bhfuil doiciméadú níos fearr déanta orthu i réimsí an tsaothair, an ghnó agus an staidrimh shláinte d'fhonn feabhas ar chur ar chruinneas sonraí, tráthúlacht agus poncúlacht, inchomparáideacht agus comhleanúnachas.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2024

99 Cé go bhfuil féilire eisiúna do scaipeadh staidrimh forbartha ag Eurostat, tá easpa mionsonraí áirithe ag an bhféilire. Sa bhreis air sin, níl beartas ginearálta athbhreithnithe ag Eurostat go fóill, agus ní eisíonn sé sonraí na mBallstát uile i dtaca le suirbhé ar an bhfórsa saothair ná caiteachas sláinte ar an dáta céanna (féach míreanna ***59***-***63***).

100 Cuireann Eurostat rochtain réamh-eisiúna do shonraí ar fáil do roinnt ranna de chuid an Choimisiúin agus do chainéil sna meáin, agus d'fhéadfadh an rochtain sin deiseanna a chruthú do leas agus sceitheadh geilleagair. Ní dhéantar cur síos iomlán ar na forálacha do rochtain réamh-eisiúna ar shuíomh gréasáin Eurostat, agus níl rochtain ag an bpobal ar liosta de na húsáideoirí ar fad a bhfuil rochtain phribhléideach acu (féach míreanna ***64***-***69***).

Moladh 4 – Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha staidreamh a réamheisiúint

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú cáiréiseach a dhéanamh ar an ngá agus ar an mbreisluach a bhaineann le rochtain réamh-eisiúna a thabhairt; agus

(b) má áitítear a leithéid, faisnéis chuimsitheach ar rochtain réamh-eisiúna a fhoilsiú agus a gcoimircí a neartú in aghaidh sceitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2023

101 Bhí dul chun cinn maith déanta ag an gCoimisiún ar na moltaí athbhreithnithe piaraí den chuid is mó, amhail na moltaí sin a bhaineann le hailtireacht reachtaíochta, agus cumarsáid agus úsáideoirí. Níor thug sé faoi chúpla príomh-mholadh ar neamhspleáchas ná neamhchlaontacht áfach (féach míreanna ***70***-***75***).

102 Tá measúnú Eurostat ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí feabhsúcháin athbhreithnithe piaraí ag na Ballstáit bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach i measc na n-údarás staidrimh den chuid is mó. Bhí bac ar chur chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí feabhsúcháin mar gheall go raibh siad ag brath ar chomhlachtaí lasmuigh den institiúid staidrimh náisiúnta, agus go raibh tacaíocht pholaitiúil in easnamh. Níl príomhghníomhaíochtaí feabhsúcháin, amhail reachtaíocht staidrimh náisiúnta a leasú, curtha chun feidhme ach go páirteach. Thairis sin, ní gné atá ag roinnt leis na Ballstáit go léir é an neamhspleáchas gairmiúil, go háirithe ar leibhéal na n-údarás náisiúnta eile (féach míreanna ***76***-***82***).

103 Tá feabhas tagtha ar an dearadh atá ag an uirlis athbhreithneoirí piaraí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíon Eurostat agus CSE le CoP ó úsáideadh don chéad uair í. Níl athbhreithnithe piaraí chomh minic sin agus go bhféadfaidís feabhsúcháin cháilíochta leantacha a bheith ann, agus níl tuairisciú cuimsitheach acu i gcónaí ar chórais staidrimh náisiúnta. In ainneoin a

neamhspleáchais ó leasanna náisiúnta, tá ról teoranta ag an mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach maidir leis an dearadh atá ag athbhreithnithe piaraí (féach míreanna ***83***-***89***).

Moladh 5 – Meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun sainordú an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staitistiúil Eorpach a neartú

Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus oiriúnacht i dtaca le sainordú reatha an Bhoird Chomhairligh um Rialachas Staitistiúil Eorpach a leathnú amach, chun cinntí a áirithiú ar na príomhghnéithe dearaí den chleachtadh athbhreithnithe piaraí.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2023

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an Tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
An tUachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Staidreamh oifigiúil i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19

Chruthaigh COVID-19 dúshláin shuntasacha do chórais staidrimh, agus cuireadh údaráis i gceannas ar na hoibríochtaí staidrimh faoi bhrú mór dá bharr. Ba é an chuid ba thábhachtaí den dúshlán ná a áirithiú gur seachadadh staidreamh sláinte poiblí go tráthúil, agus fianaise leormhaith a chur ar fáil ar an 'bhfíor-earnáil' den gheilleagar, go háirithe teaghlaigh agus FBManna.

Chuir an phaindéim isteach ar shreabha sonraí ó ghnólachtaí agus teaghlaigh i dtosach, agus bhí fadhbanna ann do staidreamh oifigiúil mar thoradh air sin. Ní raibh modheolaíochtaí bailiúcháin sonraí aghaidh ar aghaidh indéanta a thuilleadh, agus bhí roinnt suirbhéanna dodhéanta tar éis tamaill agus bhí orthu a bheith curtha siar. Chruthaigh COVID-19 dúshlán do chaighdeáin a bhí ann cheana féin freisin i dtaobh léirmhínithe agus leormhaitheas. Mar thoradh air sin, bhí ar staidreamh oifigiúil oiriúnú go tapa do na dálaí a bhí ag athrú. Tá modheolaíochtaí bailiúcháin sonraí malartacha, amhail glaonna fóin, feidhmchláir idirlín, nó mórshonraí in úsáid go forleathan anois. D'fhéadfadh sé go mbeidh tionchar ag an athrú sin ar cháilíocht agus inchomparáideacht sonraí áfach. Ar dtús, shásaigh lucht ceaptha beartais agus na meáin an t-éileamh do shonraí eipidéimeolaíoch domhanda a bhí beagnach i bhfíor-am go príomha trí dheaiseanna, amhail na deaiseanna sin a d'fhorbair Ollscoil Johns Hopkins, a d'fheidhmigh go neamhspleách ó chórais staidrimh oifigiúla. Chruthaigh EDS agus ECDC a gcuidsean deaiseanna ina dhiaidh sin, agus ar an gcaoi sin líonadh an bhearna ach bhí saincheisteanna inchomparáideachta fós ann.

De réir ESGAB, d'fhreagair CSE go dearfach ar ghéarchéim COVID-19. Cé go raibh an-tionchar ag an bpaindéim ar neart céimeanna den táirgeadh sonraí staidrimh, d'éirigh le CSE agus Eurostat leanúint ar aghaidh de bheith ag táirgeadh príomhtháscairí gan chur isteach. Ar mhaithe le cáilíocht agus inchomparáideacht staidrimh leanúnaigh a áirithiú, d'fhoilsigh Eurostat níos mó ná 30 treoirlíne ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna modheolaíochta ginearálta agus earnálacha araon. Chruthaigh Eurostat roinn ar a shuíomh gréasáin freisin a bhí tiomnaithe ar an bhfianaise is déanaí a chur ar fáil d'úsáideoirí. Chuir sé liosta de thacair sonraí COVID-19 ar fáil agus sheol sé an Deais Staidrimh Eorpach an Téarnaimh, lena n-áirítear 27 dtáscaire a bhaineann le téarnamh ar ábhair sláinte, sóisialta, geilleagair, gnó agus comhshaoil faoi láthair. Ar deireadh, thug Eurostat roinnt táscairí a bhaineann go sonrach le géarchéim isteach (e.g. básanna seachtainiúla agus mortlaíocht mhínormálta mhíosúil) d'fhonn tionchair na paindéime a mheasúnú níos fearr. I mí na Samhna 2020, d'aontaigh na ceannairí ar

NSInna agus Eurostat ar fhreagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna a bheadh ann amach anseo a mbeadh tionchar acu ar CSE, ar a dtugtar '*Wiesbaden Memorandum*', lena bhféadfaí cur chuige comhpháirteach ar ghéarchéimeanna sa todhchaí a chothú.

Iarscríbhinn II – Gníomhaíochtaí staidrimh roghnaithe

Réimse téamach: Saothar	
Gníomhaíocht staidrimh: Suirbhé ar an bhfórsa saothair (SFS)	
Cur síos	Is é stádas an lucht saothair an bunchoincheap do staidreamh an mhargaidh saothair. Is é AE-SFS an suirbhé samplach teaghlaigh is mó san Eoraip, lena gcuirtear torthaí ráithiúla agus bliantúla ar fáil maidir le rannpháirtíocht saothair ag daoine d'aois 15 agus níos sine, chomh maith le daoine lasmuigh den lucht saothair. Clúdaíonn sé cónaitheoirí i dteaghlaigh phríobháideacha. Déantar daoine aonair a aicmiú i dtrí chatagóir, sin le rá fostaithe, dífhostaithe nó laistigh den lucht saothair (dá ngairtí 'neamhghníomhach sa gheilleagar' roimhe seo). Tá tuilleadh miondealaithe ar fáil, amhail miondealaithe inscne agus aoise. Tá AE-SFS faoi stiúir NSInna, agus déanann Eurostat próiseáil lárnach ar na sonraí. Tá NSInna freagrach as ceistneoirí náisiúnta a dhearadh, an sampla a tharraingt, agallaimh a stiúradh, agus torthaí a chur ar aghaidh go Eurostat i gcomhréir le scéim chomhchoiteann um chódú. Leanann na sainmhínithe a úsáidtear in AE-SFS an Réiteach ón 13ú Comhdháil Idirnáisiúnta na Staitisteoirí Saothair, a tionóladh in 1982 ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'treoirlínte EIS').
Freagracht as cáilíocht sonraí a mheasúnú	Ballstáit ag gach leibhéal; Eurostat do na sonraí atá curtha ar aghaidh ag gach Ballstát.
Creat dlíthiúil	Tá AE-SFS bunaithe ar reachtaíocht Eorpach ó bhí 1973 ann. Príomhrialachán go dtí 2020: — Rialachán (CE) Uimh. 577/98 Príomhrialacháin i bhfeidhm ó dháta bailiúcháin 2021: — Rialachán (AE) 2019/1700 (creat-rialachán), Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/256 ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/257 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2181 ón gCoimisiún, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2240 ón gCoimisiún
— **Tréimhsiúlacht**	Ráithiúil, bliantúil
— **Dáta tíolactha**	Do shonraí ráithiúla: laistigh de 12 sheachtain tar éis dheireadh na tréimhse tagartha. Ó 2021 go 2023, laistigh de dheich seachtaine tar éis dheireadh na tréimhse tagartha. Baintear sonraí bliantúla ó na ceithre ráithe. I gcás ina n-úsáidfear sonraí riaracháin chun sonraí ar an tréith shuirbhé 'pá ón bpríomhphost' a sholáthar, féadfar na sonraí sin a chur ar aghaidh chuig Eurostat laistigh de 21 mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha.
— **Dáta foilsithe**	Gan tagairt sa chreat dlíthiúil.

Réimse téamach: Staidreamh Gnó	
Gníomhaíocht staidrimh: Staidreamh Struchtúrach Gnó – SBS	
Cur síos	Déanann SBS cur síos ar struchtúr, iompar agus feidhmíocht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, chomh fada agus an leibhéal gníomhaíochtaí leis na mionsonraí is mó (cúpla céad earnáil den gheilleagar). Is tacair sonraí comhiomlánaithe é SBS i gciall ghinearálta, atá forbartha, táirgthe agus seachadta chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta do bheartas a bhaineann leis an earnáil gnó san Aontas, chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeartas sin, agus chun an fhianaise seo a chur ar fáil don phobal gnó agus eolaíochta.
Freagracht as cáilíocht sonraí a mheasúnú	Ballstáit ag gach leibhéal; Eurostat do na sonraí atá curtha ar aghaidh ag gach Ballstát.
Creat dlíthiúil:	Cuirtear SBS isteach go bliantúil ag Ballstáit AE, bunaithe ar oibleagáid dhlíthiúil ó 1995.
— **Tréimhsiúlacht**	Bliantúil
— **Dáta tíolactha**	Ba cheart na sonraí a chur ar aghaidh ar thráth nach déanaí ná 18 mí tar éis na bliana tagartha. Ba cheart líon beag de réamhthorthaí measta a chur isteach ar thráth nach déanaí ná deich mí tar éis na bliana tagartha.
— **Dáta foilsithe**	Gan tagairt sa chreat dlíthiúil.

Réimse téamach: Sláinte	
Gníomhaíocht staidrimh: Caiteachas sláinte	
Cur síos	Déanann caiteachas cúraim sláinte na hacmhainní eacnamaíocha atá tiomnaithe d'fheidhmeanna cúraim sláinte, cé is moite d'infheistíocht chaipiteal, a thomhas. Baineann an caiteachas cúraim sláinte go príomha le hearraí agus seirbhísí cúraim sláinte atá tomhailte ag aonaid chónaitheacha, gan beann ar cá háit a tharla an tomhaltas sin (d'fhéadfadh sé a bheith mar sin áiteanna eile sa domhan) nó cé atá ag íoc as. Dá réir sin, eisítear onnmhairí d'earraí agus seirbhísí sláinte (d'aonaid neamh-chónaitheacha), cé go n-áirítear allmhairí d'earraí agus seirbhísí sláinte d'úsáid chríochnaitheach. Cuireann sonraí maidir le caiteachas cúraim sláinte faisnéis ar fáil faoi chaiteachas i réimse na sláinte atá sainithe ó thaobh feidhme de, arna idirdhealú de réir catagóir soláthraithe (e.g. ospidéil agus cleachtóirí ginearálta), catagóir feidhme (e.g. seirbhísí cúraim íceach, cúram athshlánúcháin, saotharlann chliniciúil, iompar othar, agus cógais fhorordaithe) agus scéim maoinithe (e.g. slándáil shóisialta, cuideachtaí árachais phríobháidigh, agus teaghlaigh). Úsáidtear Córas na gCuntas Sláinte (SHA) agus an tacar gaolmhar Rangú Idirnáisiúnta na gCuntas Sláinte chun sonraí maidir le caiteachas sláinte a bhailiú. Leagann SHA córas comhtháite amach de chuntais chuimsitheacha agus inchomparáideach go hidirnáisiúnta, agus cuireann sé creat aonfhoirmeach de bhunrialacha cuntasaíochta ar fáil, chomh maith le tacar táblaí caighdeánacha chun sonraí faoi chaiteachas sláinte a thuairisciú. Is lámhleabhar staidrimh tagartha a thugann cur síos cuimsitheach ar shreabha airgeadais i gcúram sláinte é Córas na gCuntas Sláinte (SHA 2011).
Freagracht as cáilíocht sonraí a mheasúnú	Ballstáit ag gach leibhéal; Eurostat, ECFE agus EDS do mheasúnaithe ar ghrúpaí difriúla de Bhallstáit.
Creat dlíthiúil:	Rialachán (AE) 2015/359 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1338/2008
— **Tréimhsiúlacht**	Bliantúil; is í an bhliain féilire an tréimhse tagartha.
— **Dáta tíolactha**	Ní mór sonraí agus meiteashonraí tagartha do bhliain tagartha N a chur isteach laistigh de 16 mhí tar éis na bliana tagartha.
— **Dáta foilsithe**	Gan tagairt sa chreat dlíthiúil.

Réimse téamach: Sláinte	
Gníomhaíocht staidrimh: Neamhchaiteachas sláinte	
Cur síos	Tagann comhbhailiúchán sonraí ECFE/Eurostat/EDS maidir le neamhchaiteachas cúraim sláinte leis an gcomhbhailiúchán sonraí atá ann cheana féin maidir le caiteachas sláinte. Dá bhrí sin, sainítear ospidéil agus acmhainní faoi SHA. Is iad na hacmhainní cúraim sláinte atá clúdaithe ná fostaíocht chúraim sláinte, acmhainní fisiciúla agus gníomhaíochtaí sláinte.
Freagracht as measúnú a dhéanamh ar cháilíocht sonraí	Ballstáit ag gach leibhéal; Eurostat, ECFE agus EDS do mheasúnaithe ar ghrúpaí difriúla de Bhallstáit.
Creat dlíthiúil:	Tá sé i gceist ag an gCoimisiún bunús dlí a ghlacadh do bhailiú sonraí in 2023. Mar sin féin, bailítear sonraí ar bhonn deonach i láthair na huaire.
— **Tréimhsiúlacht**	Bliantúil
— **Dáta tíolactha**	Ba cheart na sonraí a sholáthar laistigh de naoi mí tar éis dheireadh na bliana tagartha.
— **Dáta foilsithe**	Gan tagairt sa dréacht-chreat dlíthiúil.

Réimse téamach: Sláinte	
Gníomhaíocht staidrimh: Cúiseanna báis – CoD	
Cur síos	Cuireann sonraí CoD faisnéis ar phatrúin mhortlaíochta ar fáil agus is príomhghné d'fhaisnéis sláinte phoiblí atá iontu. Tá staidreamh Eorpach ar 'chúiseanna báis' bainteach leis na básanna agus marbh-bhreitheanna cláraithe a tharlaíonn i ngach Ballstát, lena ndéantar idirdhealú idir cónaitheoirí agus neamh-chónaitheoirí. Tagraíonn sonraí CoD don bhunchúis, nó 'an galar nó an díobháil a thionscain an tsraith teagmhas galrach a raibh an bás mar thoradh díreach orthu, nó imthosca na tionóisce nó an fhoréigin inar tharla an díobháil mharfach' de réir EDS. Tá sonraí CoD aicmithe ag na 86 chúis sa 'gearrliosta Eorpach' de 'chúiseanna báis', bunaithe ar Aicmiú Staidrimh Idirnáisiúnta Galar agus Fadhbanna Sláinte a bhaineann leo (ICD). Baintear sonraí CoD as teastais báis. Déantar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i ndeimhnithe leighis lena sonraítear cúis an bháis a mhapáil ar ICD.
Freagracht as cáilíocht sonraí a mheasúnú	Ballstáit ag gach leibhéal; Eurostat do na sonraí atá curtha ar aghaidh ag gach Ballstát.
Creat dlíthiúil:	Rialachán (AE) 328/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1338/2008.
— **Tréimhsiúlacht**	Bliantúil
— **Dáta tíolactha**	Do gach bliain, ba cheart sonraí a chur ar fáil laistigh de 24 mhí de dheireadh na bliana tagartha (faoi 31/12), agus ba cheart do shonraí deonach a chur ar fáil laistigh de T+18 mí (faoi 30/06).
— **Dáta foilsithe**	Gan tagairt sa chreat dlíthiúil.

Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat.

Iarscríbhinn III – Samplaí de threoir staidrimh idirnáisiúnta, moltaí agus dea-chleachtais

Ábhar agus foinse	Cur síos
Oifig Staidrimh	
An Chomhairle Eorpach (2010)	Ba cheart d'oifigí staidrimh a bheith go hiomlán neamhspleách do sholáthar sonraí.
Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) (2016)	Is comhlacht gairmiúil neamhspleách é an Oifig Staidrimh Náisiúnta atá eagraithe faoi údarás Phríomh-Aire/Uachtarán na tíre nó comhlacht stáit neamhspleách, le Bord Staidrimh Stáit mar chomhlacht rialachais.
Acmhainní	
Na Náisiúin Aontaithe (NA) (2015)	Tá ceannaire na gníomhaireachta staidrimh freagrach as bainistiú buiséid, agus tá an ceart ag an duine sin tráchtanna poiblí a dhéanamh ar an mbuiséad atá leithdháilte don ghníomhaireacht staidrimh.
An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) (2015)	Tá cistiú leordhóthanach ag údaráis staidrimh náisiúnta do tháirgeadh agus leithdháileadh staidrimh, tacú le hoiliúint foirne, acmhainní ríomhaireachta a fhorbairt, agus nuálaíocht a chur chun feidhme. Tá acmhainní leormhaithe ó thaobh méideanna agus cáilíochta de chun riachtanais staidrimh a shásamh.
UNECE (2018)	Ní hamháin go gcaithfidh an buiséad ó Oifig na gCaighdeán de chuid ECAT (NSO) an táirgeadh foriomlán staidrimh agus costais foirne a áirithiú, ach caithfidh sé na cistí is gá d'infheistíocht ar bhonneagar a áirithiú freisin, chomh maith le teicneolaíochtaí nua, modheolaíochtaí staidrimh nua, etc.
ECFE (2015)	Tabharfar acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla leormhaithe is gá chun cláir staidrimh a chur chun feidhme do tháirgeoirí staidrimh oifigiúla.
ECFE)(2020)	Teastaíonn neamhspleáchas feidhmiúcháin agus buiséadach ar leibhéal áirithe, chomh maith le pearsantacht dhlítheanach ó oifigí staidrimh náisiúnta. Mar sin, beidh siad in ann a n-acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla a bhainistiú agus a leithdháileadh laistigh de na teorainneacha a d'fhorordaigh an rialtas nó an Pharlaimint, agus ba cheart do staitisteoirí náisiúnta freagracht a ghlacadh as an méid sin (e.g. trí thuarascáil i dtaca le gníomhaíochtaí staidrimh agus forghníomhú buiséid). Leis an neamhspleáchas sin, tá na hoifigí in ann cearta nó oibleagáidí conarthaí a fháil le tríú páirtithe faoina bhfreagracht neamhspleách féin chun riachtanais in acmhainní daonna agus teicniúla a shainaithint, nó chun gníomhaireachtaí agus oibríochtaí staidrimh a phleanáil agus a tosaíocht a thabhairt díobh de réir pleananna bliantúla agus il-bhliantúla.
Príomhstaitisteoir	
UNECE (2016)	Tá an Oifig Staidrimh Náisiúnta faoi stiúir an Phríomhstaitisteora atá ceaptha ag Príomh-Aire/Uachtarán na tíre ar thogra ón rialtas do théarma socraithe [X] bliana, ar bhonn folúntais fógartha go poiblí agus comórtas oscailte bunaithe ar na cáilíochtaí gairmiúla ábhartha amháin. Féadfar an téarma oifige tosaigh a athnuachan aon uair amháin.
	Níor cheart don Phríomhstaitisteoir a bheith páirteach i scéimeanna soghluaisteachta foirne rialta sa riarachán poiblí, sa chás go mbeadh córas den sórt sin i bhfeidhm de ghnáth ar an leibhéal sin.
	Ba cheart an Príomhstaitisteoir a cheapadh do théarma oifige atá socraithe sa reachtaíocht staidrimh; agus ba cheart don téarma oifige sin a bheith difriúil ón téarma rialtais ar mhaithe leis an neamhspleáchas gairmiúil a ghabhann leis an oifig sin a chaomhnú. Leis an dlí, foráiltear an fhéidearthacht an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin agus an rogha é a athnuachan arís ach amháin ar bhonn folúntais fógartha go poiblí agus comórtas oscailte.

Ábhar agus foinse	Cur síos
ECFE (2020)	D'fhéadfadh tréimhsí éagsúla do shainordú an Staitisteora Náisiúnta agus do na húdaráis pholaitiúla an neamhspleáchas gairmiúil de tháirgeoirí staidrimh oifigiúil a laghdú.
UNECE (2016)	Ní féidir téarma oifige an Phríomhstaitisteora a fhoirceannadh sula rachaidh sé in éag i gcás aon phrionsabail chomhréitigh staidrimh. Féadtar an téarma oifige a fhoirceannadh, ach amháin ar cheann de na cúiseanna seo a leanas: (a) An Príomhstaitisteoir féin éirí as oifig; (b) Foirceannadh saoránachta; (c) Cinneadh ó chúirt lena bhfógraítear nach bhfuil an Príomhstaitisteoir cumasach nó go bhfuil cumas teoranta aige/aici obair a dhéanamh; (d) Pianbhreith dhleathach ón gcúirt mar gheall ar choir intinniúil, nó príosúnacht de réir pianbhreithe dleathaí ón gcúirt; (e) Bás an Phríomhstaitisteora, agus measfar na dualgais a bheith foirceanta sa chás sin.
ECFE (2020)	Ba cheart na nósanna imeachta maidir le dífhostú an staitisteora náisiúnta, lena n-áirítear liosta coinníollacha faoinar féidir é/í a dhífhostú, a leagan amach go soiléir sa dlí maidir le staidreamh chun a áirithiú go bhfuil siad neamhspleách ar athruithe ar an rialtas.
Measúnú cáilíochta	
UNECE (2016)	Féadfaidh saineolaithe inmheánacha agus seachtracha measúnuithe a dhéanamh ar an timpeallacht institiúideach, ar phróisis, agus ar aschuir an Chórais Staidrimh Náisiúnta. D'fhéadfadh na measúnuithe sin díriú ar phrionsabail an staidrimh oifigiúil agus ar chur i bhfeidhm caighdeán agus moltaí staidrimh idirnáisiúnta. Féadfaidh Léiritheoir Staitisticí Oifigiúla, an Chomhairle Staidrimh, nó eagraíocht idirnáisiúnta tús a chur leo. Féadann na measúnuithe sin saineolaithe náisiúnta (e.g. ón bpobal eolaíochta) nó idirnáisiúnta a úsáid. Ba cheart torthaí na measúnuithe sin a chur ar fáil go poiblí. Thairis sin, tá sé de fhreagracht ar an bPríomhstaitisteoir measúnú rialta a dhéanamh féachaint an bhfuil prionsabail an staidrimh oifigiúil á gcomhlíonadh ag Táirgeoirí Eile Staidrimh Oifigiúil.
	Chun cáilíocht an staidrimh a áirithiú, tá sé d'oibleagáid ar Tháirgeoirí Staidrimh Oifigiúil agus tá sé de cheart acu modhanna staidrimh a chur i bhfeidhm, amhail eagarthóireacht a dhéanamh ar shonraí aonair, nascadh nó cineálacha eile comhcheangal sonraí ó fhoinsí éagsúla a thaifead, agus teicnící meastacháin a úsáid. Áirítear leis sin láimhseáil cheart ar neamhfhreagairt, le haghaidh suirbhéanna samplacha agus suirbhéanna níos cuimsithí araon. Ní mór don Oifig Staidrimh Náisiúnta cur lena fios gnó modheolaíoch, obair leantach a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta, agus an t-eolas seo a roinnt le tairgeoirí eile Staitisticí Oifigiúla.
Scaipeadh	
NA (2015)	Tugtar réamhfhógra ar athruithe do mhodhanna nó aicmithe, agus athbhreithnithe go ginearálta. Foilsítear beartas athbhreithnithe maidir leis na haschuir sin atá faoi réir athbhreithnithe sceidealaithe agus neamhsceidealaithe, ceartaítear earráidí a aimsítear i staidreamh foilsithe ar an dáta is luaithe is féidir agus déantar iad a phoibliú. Tá nósanna imeachta do thuairisciú agus ceartú earráide réidh.

Ábhar agus foinse	Cur síos
UNECE (2016)	Is toradh iad athbhreithnithe ar phróiseas atá pleanáilte nuair a charnann sonraí, nó nuair a athraíonn coincheapa, sainmhínithe agus aicmithe a úsáidtear i staidreamh oifigiúil mar shampla, mar gheall ar athruithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. Ba cheart do tháirgeoirí Staidrimh Oifigiúil úsáideoirí a chur ar an eolas in am faoi athruithe atá pleanáilte agus faoin tionchar ar inchomparáideacht le himeacht ama, amhail bearnaí in amshraitheanna. Ag tráth na n-athbhreithnithe móra ar staidreamh, ní mór na hamshraitheanna roimh an athrú a chur le chéile arís trí úsáid a bhaint as na coincheapa, na sainmhínithe agus na haicmithe nua chun fad leordhóthanach amshraitheanna atá comhleanúnach a áirithiú roimh agus i ndiaidh an athraithe.
ECFE (2015)	Ráthaíonn an dlí rochtain chomhionann ar staidreamh oifigiúil do gach úsáideoir ag an am céanna. Más rud é go bhfuil rochtain ag comhlacht poiblí nó príobháideach ar staidreamh oifigiúil sula n-eisítear go poiblí iad, déantar an fíoras sin agus na socruithe ina dhiaidh sin a phoibliú agus a rialú. Sa chás go dtarlaíonn sceitheadh, déantar athbhreithniú ar shocruithe réamheisiúna chun neamhchlaontacht a áirithiú.
UNECE (2016)	Tá beartas docht de rochtain iomlán chomhionann agus chomhuaineach ar staidreamh oifigiúil i bhfeidhm do gach úsáideoir, agus ní thugtar aon rochtain ar shonraí sula n-eisítear iad. I gcás ina bhfuil cleachtas réamheisiúna ann, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh chun deireadh a chur leis nó é a laghdú.
ECFE (2020)	Aithnítear go bhfuil dhá tháscaire ábhartha i dtaca le trédhearcacht a thomhas agus i dtaca leis an tuiscint ar neamhchlaontacht agus neamhspleáchas tháirgeoirí an staidrimh oifigiúil: ar an gcéad dul síos, am eisiúna caighdeánach agus féilirí réamheisiúna a sholáthraíonn fógra 12 mhí roimh na dátaí eisiúna beachta (sainíodh an féilire rollach 12 mhí roimh ré sa Mholadh, ina mbeidh na dátaí eisiúna ar fáil de réir a chéile, mar dhea-chleachtas). Ar an dara dul síos, nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ag gach úsáideoir ar eisiúint staidrimh ag an am céanna.
UNECE (2016)	Ní mór do gach táirgeoir Staidrimh Oifigiúil féilire poiblí eisiúna réamhfhógartha a bhunú leis na dátaí agus na hamanna atá beartaithe chun staidreamh oifigiúil a eisiúint. Cuireann sé sin na húsáideoirí go léir ar an eolas faoin uair a eisítear staidreamh oifigiúil, agus áirithítear leis sin go scaiptear staidreamh gan beann ar fhreagairt an rialtais nó na ngníomhaithe polaitiúla.
	Ní mór meiteashonraí agus nótaí míniúcháin leordhóthanacha agus cothrom le dáta, arna scríobh ag an táirgeoir freagrach, a bheith ag gabháil le gach eisiúint staidrimh oifigiúil, ionas go mbeidh úsáideoirí in ann an staidreamh a eascraíonn astu a thuiscint. D'fhéadfadh sé go ndéanann meiteashonraí faisnéis a sholáthar maidir le tréithe na sonraí, amhail fad agus comhsheasmhacht na n-amshraitheanna, na meán-athbhreithnithe a mbeifí ag súil leo, etc. Teastóidh meiteashonraí níos mionsonraithe ó úsáideoirí is saineolaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna staidrimh a chuirtear i bhfeidhm agus ar cháilíocht an staidrimh.
UNECE (2016)	Is é an príomhcheanglas a bhaineann le scaipeadh ná go ndéanfar scaipeadh staidrimh oifigiúil go tráthúil agus go poncúil, agus prionsabail an staidrimh oifigiúil agus na hairteagail shonracha maidir le scaipeadh á gcomhlíonadh go hiomlán. Is iad cosaint rúndachta agus rochtain chomhionann ar staidreamh oifigiúil na príomhphrionsabail a bhaineann le scaipeadh. Is cuid lárnach d'eitic an staidrimh oifigiúil é prionsabal na rochtana comhionainne agus chomhuainí ar staidreamh do gach úsáideoir, lena n-áirítear úsáideoirí rialtais. Trí scaipeadh ar an ngréasán, is féidir an prionsabal seo a chur chun feidhme ar bhealach an-docht sa lá atá inniu ann, trí am eisithe cruinn a

Ábhar agus foinse	Cur síos
	shonrú nuair a bheidh staidreamh nua ar fáil. Forchuireann an dlí cineálach beartas docht de rochtain iomlán chomhionann agus chomhuaineach ar staidreamh oifigiúil do gach úsáideoir, gan aon rochtain roimh ré. Is táscaire tábhachtach é rochtain chomhionann freisin ar neamhspleáchas gairmiúil tháirgeoirí Staitisticí Oifigiúla. I gcás ina bhfuil cleachtas réamheisiúna ann, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh chun deireadh a chur leis nó é a laghdú. Má roghnaíonn tír imeacht ó phrionsabal na rochtana comhionainne agus na rochtana comhuainí, ní mór airteagal a chur leis an dlí staidrimh chun an rochtain réamheisiúna d'údaráis roghnaithe agus staidreamh roghnaithe a rialáil. Ní mór d'aon úsáideoir dá ndeonaítear rochtain réamheisiúna dearbhú lánchoisc a shíniú. Ní mór an pobal a chur ar an eolas faoi na húdaráis a bhfuil rochtain réamheisiúna acu, cé na sonraí a bhfuil rochtain acu orthu, agus cén t-am ar a bhfuil rochtain acu.
Athbhreithnithe piaraí	
INTOSAI (2019)	D'fhéadfadh an tUasfhoras Iniúchóireachta faoi athbhreithniú iarraidh ar an mbunfhoireann athbhreithnithe piaraí a fhíorú a mhéid a leanadh moltaí tar éis am comhaontaithe (e.g. bliain amháin, dhá bhliain nó trí bliana), ag brath ar leibhéal tábhachta agus ar thábhacht an mholta. Tar éis an fhíoraithe, féadfaidh an fhoireann tuarascáil bhreise a ullmhú i dtaca le méid chur chun feidhme na moltaí agus i dtaca le nuashonruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na moltaí bunaidh. Go háirithe sna cásanna sin inar foilsíodh torthaí an chéad athbhreithnithe piaraí, is dea-chleachtas é torthaí an athbhreithnithe piaraí a fhoilsiú freisin, ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht.

N.B. Tá an liosta neamh-uileghabhálach.

Iarscríbhinn IV – Liosta de na tionscadail a roghnaítear don iniúchóireacht

	Tuairisc ar an tionscadal	Tír	Bliain	Tairbhí	Táirgeoir an Chiste	Méid an deontais a fhormheastar (euro)
1	Modúil SFS 2016 *ad hoc* ar dhaoine óga ar mhargadh an tsaothair	An Fhionlainn	2015	Statistics Finland	AS EMPL	63 813
2	Feabhsúcháin cháilíochta do SFS*	An Chróit	2016	Biúró Náisiúnta Staidrimh na Cróite	ESP 2013-2020	28 424
3	Modúil SFS 2017 *ad hoc* ar fhéinfhostaíocht	An Chipir	2016	Seirbhís Náisiúnta Staidrimh na Cipire	AS EMPL	25 773
4	Feabhsúcháin cháilíochta do SFS*	An Iodáil	2016	Istituto Nazionale di Statistica (ISTAT)	ESP 2013-2020	29 000
5	Modúil SFS 2017 *ad hoc* ar fhéinfhostaíocht	An Iodáil	2016	Istituto Nazionale di Statistica (ISTAT)	AS EMPL	140 000
6	Feabhsúcháin cháilíochta do SFS*	An Fhionlainn	2017	Statistics Finland	ESP 2013-2020	177 474
7	Ullmhú, bailiú agus tarchur na sonraí staidrimh maidir le húsáid TFC agus ríomhthráchtáil i bhfiontair agus maidir le húsáid TFC i dteaghlaigh — 2014*	An Chipir	2013	Seirbhís Náisiúnta Staidrimh na Cipire	ESP 2013-2020	98 834
8	Micreashonraí lena gceanglaítear staidreamh struchtúrach gnó agus staidreamh gnó eile	An Fhionlainn	2015	Staidreamh ón bhFionlainn, ón Danmhairg, ón Iorua, ón tSualainn, ón Ísiltír agus ón Laitvia, tionscadal ilnáisiúnta	ESP 2013-2020	185 467
9	Micreashonraí lena gceanglaítear staidreamh struchtúrach gnó agus staidreamh gnó eile	An Iodáil	2015	Istituto Nazionale di Statistica (ISTAT)	ESP 2013-2020	33 909
10	Dul chun cinn staidreamh struchtúrach gnó*	An Liotuáin	2018	Statistikos Departamentas Prie Liet	ESP 2013-2020	16 340
11	Cuntais sláinte (SHA 2011)*	An Fhionlainn	2014	Foras um Shláinte agus Leas (THL) na Fionlainne	AS SANTE	52 748
12	Staidreamh galrachta	An Chróit	2019	Hrvatski Zavod Za Javno Zdravstvo	AS SANTE	52 748
13	Ríomh sonraí galrachta bunaithe ar dhiagnóis ón Liotuáin	An Liotuáin	2019	Higienos Institutas	AS SANTE	13 302

NB. Déanann tionscadail leis an gcomhartha * tagairt do ghníomhaíochtaí staidrimh éigeantacha.

Iarscríbhinn V – Roghanna malartacha á lorg chun sonraí níos tráthúla ar bhásanna COVID-19 a fháil

Deimhníodh na chéad bhásanna san Eoraip mar gheall ar COVID-19 i mí Feabhra 2020. Mar sin féin, ní fhéadfadh sé go bhfoilseofar staidreamh Eorpach iomlán maidir le 'cúiseanna báis' do 2020 roimh 2023 (féach ***Fíor 10***). Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais faisnéise le linn na paindéime, bailíodh dhá thacar sonraí atá beagnach i bhfíor-am: líon na mbásanna COVID-19 ar bhonn laethúil, agus básanna mar theagmhais dhéimeagrafacha ríthábhachtacha ar bhonn seachtainiúil.

Líon na mbásanna COVID-19 Tá an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ag foilsiú líon na mbásanna COVID-19 san Eoraip ó fhoinsí amhail aireachtaí sláinte agus forais sláinte poiblí. Tá EDS agus Ollscoil Johns Hopkins ag foilsiú an staidrimh chéanna ar fud an domhain. Mar sin féin, mar gheall ar dhifríochtaí náisiúnta in aicmiú 'cúiseanna báis' chomh maith le roinnt saincheisteanna faoi fhochuimsiúchán agus róchuimsiúchán, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith ann idir na sonraí agus comparáidí tíre a dhéanamh níos casta. Mar shampla, ag tús na paindéime chláraigh an Bheilg gach bás a raibh baint *fhéideartha* ag COVID-19 leis mar bhás a raibh baint *iarbhír* aige leis, gan gá le tástálacha saotharlainne. Os a choinne sin, d'éiligh an Iodáil toradh dearfach tástála ar bhásanna mar gheall ar COVID-19, agus d'úsáid an Chipir meascán den dá chur chuige.

Básanna agus mortlaíocht mhínormálta: Tá NSInna freagrach as an modh seo agus measann saineolaithe gur tomhas níos oiriúnaí é ar thionchar iomlán na paindéime ar bhásanna, cé nach gcuirtear athruithe déimeagrafacha a tharla le déanaí amhail aosú na ndaonraí san áireamh leis. Cuimsítear ann básanna COVID-19 nach ndearnadh diagnóisiú ná tuairisciú ceart orthu, chomh maith le básanna mar gheall ar chúiseanna eile atá inchurtha i leith na ndálaí foriomlána paindéime. Thug CSE isteach bailiú sonraí básanna seachtainiúla i mí Aibreáin 2020 agus thosaigh sé á fhoilsiú i mí na Nollag 2020. Lean INSanna de shonraí seachtainiúla a sheoladh chuig Eurostat ar bhonn deonach.

Léirítear sa tábla thíos na sonraí le haghaidh 2020 agus 2021 i dtíortha an Aontais agus CSTE, agus ríomhtar na sonraí trí úsáid a bhaint as an dá mhodheolaíocht. Tá an ráta báis mortlaíochta mhínormálta thart ar 34 % níos airde ná figiúirí ECDC i dtaca le básanna COVID-19.

	Básanna COVID-19 (ECDC)	Mortlaíocht mhínormálta* (Eurostat)
2020	393 570	557 823
2021	519 136	667 599
Iomlán	**912 706**	**1 225 422**

* Déantar comparáid idir líon na mbásanna ó na cúiseanna ar fad a tugadh faoi deara le linn na paindéime, agus líon na mbásanna a rabhthas ag súil leo sa chás nár tharla an phaindéim, ag úsáid sonraí ó bhlianta roimh an bpaindéim le déanaí (2016-2019).

Foinse: Eurohealth 2020; 26(2); West, A., *Tuairisciú ar bhásanna COVID-19 san Ostair, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa Ríocht Aontaithe*, Páipéar Oibre um Beartas Sóisialta 10-20, Londain: An Roinn Beartais Shóisialta LSE, 2020; ECDC do bhásanna COVID-19; Eurostat ar mhortlaíocht mhínormálta.

Iarscríbhinn VI – Moltaí ESGAB, 2014 agus 2021

2014 (an dara hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)	2021 (an tríú hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)
2014/1 Ba cheart socruithe i dtaca le ceapadh Ardstiúrthóirí Eurostat a shonrú sa dlí, agus a bhunú ar chomórtas oscailte amach anseo.	2021/1 Molann ESGAB gur cheart go sonrófaí sa reachtaíocht na cúiseanna a bhí le conradh (dífhostú) Ardstiúrthóireacht Eurostat a fhoirceannadh go luath. Níor cheart go n-áireofaí leo sin cúiseanna a chuireann isteach ar a neamhspleáchas gairmiúil nó eolaíoch.
2014/2 Ba cheart gurb iad na príomhchritéir chun Ardstiúrthóir Eurostat a roghnú ná a cháil/cáil ghairmiúil sa phobal staidrimh idirnáisiúnta agus cumas bainistíochta an duine sin.	2021/2 Molann ESGAB gur cheart earcú agus dífhostú bhainistíocht shinsearach Eurostat, seachas an Ardstiúrthóireacht, a bheith poiblí agus trédhearcach le béim láidir á leagan ar cháilíochtaí staidrimh.
2014/3 Ba cheart go sonrófaí sa reachtaíocht na cúiseanna atá le hArdstiúrthóir Eurostat a dhífhostú go luath. Níor cheart go n-áireofaí leo sin cúiseanna a chuireann isteach ar a neamhspleáchas gairmiúil nó eolaíoch.	2021/3 Molann ESGAB gur cheart do Eurostat a áirithiú go ndéanfar obair leantach chórasach ar chur chun feidhme an Chreata Cáilíochta Tagartha is infheidhme i dtaca le staidreamh eile, i gcomhar le ASanna de chuid an Choimisiúin Eorpaigh lena mbaineann. Ba cheart go n-áireofaí leis sin féachaint ar a úsáidí atá sé próiseas frithpháirteach athbhreithnithe piaraí a chur ar bun, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chreata Cáilíochta Tagartha agus, más gá, é a neartú.
2014/4 Ba cheart earcú agus dífhostú bhainistíocht shinsearach Eurostat, seachas an tArdstiúrthóir, a bheith poiblí agus trédhearcach agus béim láidir á leagan ar cháilíochtaí staidrimh.	2021/4 Molann ESGAB gur cheart do Eurostat meastóireacht chriticiúil a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an cleachtas reatha staidrimh réamheisiúna chuig comhlachtaí eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus urraim á tabhairt do CoP ES, i gcomhréir le seasamh Eurostat mar iompróir caighdeánach CSE.
2014/5 Ba cheart don reachtaíocht staidrimh Eorpach amach anseo cloí leis an struchtúr reachtach a glacadh in 2013 lena cur chuige trí shraith, agus idirdhealú a dhéanamh go háirithe idir 'Céard' i gcreatrialacháin agus 'Conas' i ngníomhartha tarmligthe agus i ngníomhartha cur chun feidhme.	2021/5 Molann ESGAB gur cheart do Eurostat tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a choimircí láidre maidir le rúndacht cheana féin trí chleachtais a athbhreithniú agus, a mhéid is féidir, a chomhchuibhiú tuilleadh ar fud réimsí staidrimh i dtaca le nósanna imeachta agus uirlisí le haghaidh cur i ndíth ainm agus/nó rialú ar nochtadh staidrimh.
2014/6 Ba cheart athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil moill shuntasach ar chur chun feidhme modheolaíochtaí nó uirlisí a shonraítear go dlíthiúil agus a comhaontaíodh i roinnt Ballstát, d'fhonn na bearta ceartaitheacha sistéamacha is gá a shainaithint agus a chur chun feidhme.	2021/6 Molann ESGAB gur cheart do Eurostat straitéis chuimsitheach comhair a fhorbairt leis an saol acadúil.
2014/7 Ba cheart comhchuibhiú modheolaíochtaí le haghaidh próiseáil sonraí agus le haghaidh ríomh táscairí cáilíochta a shaothrú go docht i gcomhar leis na Ballstáit.	2021/7 Molann ESGAB go gcuirfeadh Eurostat tuilleadh feabhais ar a chumarsáid agus ar a scaipeadh i bhfianaise 'domhan nua an róshreabhaidh faisnéise' ina bhfuil go leor táirgeoirí ag troid ar son aird theoranta na n-úsáideoirí.
2014/8 Ba cheart measúnuithe a dhéanamh go rialta agus go córasach chun a áirithiú go dtarlaíonn cleachtais seiceála comhsheasmhachta ar fud réimsí staidrimh ar bhealach inchomparáide.	2021/8 Molann ESGAB go bhfaigheadh Eurostat, i gcás inarb iomchuí, bealaí chun bunachair sonraí seanré atá inrochtana go seachtrach a bhunú le haghaidh staidreamh ábhartha chun taighde atá ábhartha do bheartais a éascú.
2014/9 Ba cheart an cleachtas bainistithe cáilíochta agus dearbhaithe a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú tuilleadh. Ba cheart an bunchaighdeán coiteann le haghaidh tuarascálacha cáilíochta atá dírithe ar úsáideoirí agus ar tháirgeoirí a úsáid le haghaidh gach oibríochta agus gach réimse staidrimh. Cinnteoidh sé sin go gcuirfidh na tuarascálacha seo faisnéis chomhchosúil ar fáil agus gur féidir an cháilíocht chéanna a mheas freisin sna réimsí éagsúla.	2021/9 Molann ESGAB go ndéanfadh Eurostat beart chun taighde ar mhicreashonraí a fheabhsú trí rialacha mionsonraithe iomchuí a fhorbairt agus trí chomhaontú le Ballstáit i dtaca le tacair sonraí i gcás ina bhféadfadh sé go mbeadh rochtain ar na tacair sonraí sin indéanta, agus trí theicnící rochtana a fhorbairt lena gcosnaítear príobháideachas (amhail bogearraí bunaithe ar mheiteashonraí), a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar leibhéal na tíre freisin.
2014/10 Ba cheart é a bheith d'aidhm ag Eurostat féilire iomlán eisiúna a fhoilsiú agus staidreamh Eurostat agus NSI a fhoilsiú go comhpháirteach.	2021/10 Molann ESGAB go ndéanfadh Eurostat tuilleadh forbartha ar a chreataí anailíseacha i ndáil le hathbhreithnithe. Ba cheart do Eurostat a bheartas athbhreithnithe agus anailís rialta ar athbhreithnithe a fhoilsiú.

2014 (an dara hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)	2021 (an tríú hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)
2014/11 Ba cheart do Eurostat imscrúdú iomlán a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag toirmeasc iomlán réamheisiúna agus ar bhealaí chun rioscaí a bhainistiú má choinnítear réamheisiúint an-teoranta do ghníomhaireachtaí nuachta aonair.	2021/11 Molann ESGAB do na comhreachtóirí gur cheart, le glacadh Ghníomh Sonraí an Aontais go luath, bealach buan a bhunú le haghaidh rochtain ar shonraí atá i seilbh phríobháideach do Eurostat agus do tháirgeoirí uile an staidrimh Eorpaigh.
2014/12 Ba cheart do Eurostat athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis chumarsáide chun a áirithiú go mbaineann sé a spriocphobail amach go héifeachtach i dtimpeallacht na meán inniu agus chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as uirlisí cumarsáide nua-aimseartha do dheighleoga éagsúla úsáideoirí.	2021/12 Molann ESGAB go bhforbróidh Eurostat straitéis chuimsitheach chun foinsí nua sonraí digiteacha a úsáid a d'fhéadfadh cur le cuspóirí na hábharthachta, an chruinnis agus na tráthúlachta, agus a d'fhéadfadh cabhrú leis an ualach ar fhreagróirí a laghdú agus cost-éifeachtúlacht a mhéadú.
2014/13 Ba cheart do Eurostat tacú le ról comhordúcháin na NSInna i dtaca leis na ONAnna trína chinntiú nach nglacann sé le haistrithe sonraí ó NSI nó ó ONA údaraithe ach amháin nuair a bhí an Cód á gcomhlíonadh ag na sonraí sin. Ba cheart an scoithdháta le haghaidh seachadtaí neamhúdaraithe sonraí a chur in iúl go forleathan bliain amháin roimh ré. Má leantar d'aistrithe sonraí neamhúdaraithe nó nach gcomhlíonann an Cód a dhéanamh chuig Eurostat tar éis an dáta fógartha, ba cheart do Eurostat diúltú do na sonraí.	2021/13 Molann ESGAB do Eurostat agus do BCE cur leis an gcomhar láidir atá ann cheana idir CSE agus CEBC chun leas a bhaint as an scóip le haghaidh comhordú agus comhar níos fearr i dtaca le comhroinnt sonraí agus i dtaca le déileáil le cásanna casta staidrimh (amhail fiontair ilnáisiúnta), agus meastóireacht a dhéanamh ar an acmhainneacht do bhonneagair choiteanna staidrimh (amhail cláir ghnó staidrimh).
2014/14 Ní mór do Eurostat sásraí soiléire a bhunú dá ról comhordúcháin laistigh den Choimisiún Eorpach, agus fardal de ghníomhaíochtaí staidrimh atá ann cheana a fhorbairt.	2021/14 Molann ESGAB go dtabharfadh Eurostat faoi shainaithint agus mapáil scileanna/inniúlachtaí na foirne (a bheidh ann amach anseo). Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, ba cheart tairiscintí oiliúna do bhaill foirne atá ann cheana a choigeartú ionas gur féidir uas-sciliú rathúil a dhéanamh sna réimsí ábhartha nua. Ag an am céanna, ba cheart do Eurostat leas réamhghníomhach a bhaint as na féidearthachtaí ar fad a bhaineann le córas earcaíochta reatha an Choimisiúin Eorpaigh ionas go mbeidh sé in ann daoine den fhoireann a mhealladh agus a choinneáil ag a bhfuil na scileanna riachtanacha a sheasfaidh an aimsir.
2014/15 Ba cheart do CSE agus CEBC díriú ar oibriú go pragmatach laistigh den deighilt áirithe saothair, agus leanúint ar aghaidh leis an gcomhar praiticiúil. Bheadh sé tairbheach dá nglacfadh CEBC nósanna imeachta infhíoraithe um dhearbhú cáilíochta cosúil le nósanna imeachta CSE chun an chomhthuiscint sin a fheabhsú.	2021/15 Molann ESGAB go dtacódh lucht ceaptha beartas an Aontais leis na hiarrachtaí nuálaíochta ar fad atá ar siúl faoi láthair le cistiú iomchuí, lena gcumhdaítear acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna araon. Athdhearbhaíonn sí freisin a moltaí (Moladh 2020/6, agus 2020/7) go molann an Coimisiún infheistíocht shuntasach sa bhonneagar digiteach chun críocha staidrimh d'fhonn nuálaíocht agus tástáil a chumasú. Ba cheart go dtacódh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát agus cistí ábhartha eile de chuid an Aontais leis na gníomhaíochtaí sin i dtaca le tionscnaimh bheartais Eorpacha nua ar fud an Chórais Staidrimh Eorpaigh, lena gcumhdaítear costais forbartha agus costais reatha araon.
2014/16 Ba cheart prionsabal agus táscairí comhfhreagracha lena dtugtar aghaidh ar an ngá atá le comhordú a dhéanamh ar fhorbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a tharraingt suas le linn an chéad athbhreithnithe eile ar an gCód Cleachtais.	2021/16 Molann ESGAB go ndéanfadh Eurostat agus CSE measúnú críochnúil agus iomlán ar an taithí a fuarthas le linn ghéarchéim COVID-19. Ba cheart go gcumhdódh an t-athbhreithniú sin na dúshláin, na freagairtí, na constaicí, an rath agus conclúidí nithiúla a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart plean gníomhaíochta a ullmhú don athléimneacht i gcásanna géarchéime amach anseo.
	2021/17 Molann ESGAB gur cheart do Eurostat, i gcomhpháirt le NSInna, nósanna imeachta a chur ar bun chun nuálaíocht mhear staidrimh a thabhairt isteach go réamhghníomhach, ar cheart staidreamh turgnamhach go háirithe a bheith ar áireamh inti. Ba cheart go n-ullmhófaí leis sin freisin le haghaidh géarchéimeanna, agus ba cheart go n-áireofaí leis freisin tograí maidir le conas infheictheacht an staidrimh sin a áirithiú, agus próisis a cheapadh dá bpríomhshruthú sa deireadh.

2014 (an dara hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)	2021 (an tríú hathbhreithniú piaraí ó Eurostat)
	2021/18 Molann ESGAB do Eurostat, nuair is gá, cumhachtaí Airteagal 14.1 b) agus a dó de Rialachán 223/2009 a úsáid go gníomhach agus a mhéid is féidir chun a bheith in ann freagairt go tapa d'éilimh staidrimh gan choinne agus práinneacha ar cheapadh beartas. Chuige sin, ba cheart dó anailís a dhéanamh ar acmhainneacht agus ar theorainneacha na bhforálacha dlíthiúla sin. Má tharlaíonn sé nach bhfuil siad leormhaith, ba cheart an tsaincheist a mheas i gcomhthéacs leasú ar Rialachán 23/2009.

Iarscríbhinn VII – Achoimre ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin ón bhforas náisiúnta staidrimh – stádas an 31 Nollaig 2019

Aicmiú	Gach gníomhaíocht	Gníomhaíochtaí oscailte 31/12/18	Críochnaithe	Dúnta	Braitheann forbairt ar na cinn eile	Faoi mhoill	Leanúnach	Gníomhaíochta oscailte 31/12/19
1. Rialachas agus gníomhaíochtaí dlíthiúla; comhordú	**221**	**65**	**9**	**4**	**23**	**17**	**8**	**52**
1.1. Neamhspleáchas gairmiúil	72	26	1	0	15	6	2	25
1.2. Sainordú do bhailiú sonraí	3	0	0	0	0	0	0	0
1.3. Gnéithe dlíthiúla rúndachta	2	1	0	1	0	0	0	0
1.4. Comhordú	144	38	8	3	8	11	6	27
2. Leormhaitheas acmhainní agus costéifeachtachta	**152**	**47**	**14**	**4**	**4**	**22**	**4**	**29**
2.1. Acmhainní	57	14	5	0	3	2	3	9
2.2. Oiliúint	22	4	1	0	0	2	0	3
2.3. Costéifeachtacht	73	29	8	4	1	18	1	17
3. Cáilíocht agus modheolaíocht	**231**	**60**	**26**	**1**	**2**	**21**	**7**	**33**
3.1. Gealltanas cáilíochta	102	33	17	1	1	10	3	15
3.2. Modheolaíocht agus cosaint rúndachta	46	9	2	0	0	3	2	7
3.3. Cáilíocht aschuir agus idirghabháil úsáideora	83	18	7	0	1	8	2	11
4. Laghdú ualaigh agus sonraí riaracháin	**85**	**23**	**4**	**4**	**7**	**4**	**4**	**15**
4.1. Laghdú ualaigh	28	5	0	3	0	1	2	2
4.2. Sonraí riaracháin	57	18	4	1	7	3	2	13

Aicmiú	Gach gníomhaíocht	Gníomhaíochtaí oscailte 31/12/18	Críochnaithe	Dúnta	Braitheann forbairt ar na cinn eile	Faoi mhoill	Leanúnach	Gníomhaíochta oscailte 31/12/19
5. Neamhchlaontacht agus scaipeadh	**221**	**43**	**11**	**5**	**3**	**15**	**6**	**27**
5.1. Neamhchlaontacht:	46	6	3	1	1	0	1	2
5.2. Scaipeadh: inrochtaineacht agus soiléireacht	123	25	4	3	1	11	4	18
5.3. Micreashonraí a scaipeadh	52	12	4	1	1	4	1	7
Comhiomlán	**910**	**237**	**64**	**18**	**39**	**79**	**29**	**155**

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

Iarscríbhinn VIII – Cumhdach Córais Staidrimh Náisiúnta sa tríú bhabhta d'athbhreithnithe piaraí

Tír	Líon iomlán na ONAnna	ONAnna roghnaithe d'athbhreithniú piaraí
An Ostair	7	An Aireacht Cónaidhme Aeráide, Comhshaoil, Soghluaisteachta, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (BMK)
		An Aireacht Cónaidhme Talmhaíochta, Réigiún agus Turasóireachta (BMLRT)
		Umweltbundesamt – Gníomhaireacht Comhshaoil na hOstaire (UBA)
		Energie-Control Austria (E-Control)
An Bhulgáir	10	An Roinn Agra-Staidrimh in Ardstiúrthóireacht na Talmhaíochta agus an Bheartais Réigiúnaigh (An Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta)
		An Stiúrthóireacht um Anailís, Pleanáil agus Prognóis, agus an Roinn um shaineolas leighis ar acmhainneacht oibre agus ar thionóiscí ag an obair (ag an Stiúrthóireacht um Árachas agus Sochair Ghearrthéarmacha don Fhoras Náisiúnta Slándála Sóisialta)
		An Stiúrthóireacht um Fhaireachán agus Measúnuithe ar an gComhshaol, sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhshaoil, don Aireacht Comhshaoil agus Uisce
An Bheilg	15	Gnóthaí Baile FPS
		Geilleagar, FBManna, Féinfhostaíocht agus Fuinneamh an FPS – AS Fuinneamh
		Foras Náisiúnta Cuntais
		Vlaamse Statistische Authoriteit (an t-údarás staidrimh den Réigiún Pléimeannach)
An Danmhairg	15	Seirbhís Imirce na Danmhairge
		Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge
		Gníomhaireacht na Danmhairge um Chaomhnú Comhshaoil
An Eastóin	1	---
An Fhionlainn	6	Custaim na Fionlainne
		Foras Acmhainní Nádúrtha na Fionlainne
		Foras Náisiúnta don tSláinte agus Leas
		Seirbhís Imirce na Fionlainne
An Fhrainc	12	An Roinn Staidrimh agus Anailís Fhadbhreathnaitheachta (An Aireacht Talmhaíochta agus Bia)
		An Roinn Sonraí agus Staidéir Staidrimh (An Aireacht don Aistriú Éiceolaíoch)

Tír	Líon iomlán na ONAnna	ONAnna roghnaithe d'athbhreithniú piaraí
		An Stiúrthóireacht Taighde, Staidéir, Meastóireachta agus Staidrimh (An Aireacht Dlúthpháirtíochta agus Sláinte, an Aireacht um an nGeilleagar, Airgeadas agus Téarnamh, agus an Aireacht Saothair, Fostaíochta agus Cuimsiú Eacnamaíoch)
An Ghearmáin	30	An Oifig Chónaidhme don Talmhaíocht agus don Bhia
		An Ghníomhaireacht Cónaidhme Fostaíochta
		Oifigí Staidrimh na *Länder* (14 san iomlán)
An Ghréig	10	An Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh
		An Aireacht Forbartha Tuaithe agus Bia
		An Lárionad Doiciméadúcháin Náisiúnta (EKT)
Éire	15	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil
		An Roinn Dlí agus Cirt
		An Roinn Sláinte
An Iodáil	13	An Aireacht um aistriú éiceolaíoch (MITE)
		An Aireacht Sláinte
		Institiúid na hIodáile um Chosaint Chomhshaoil agus um Thaighde (ISPRA)
		Oibreoir Seirbhísí Fuinnimh (GSE)
An Liotuáin	8	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil
		An Foras Sláinteachais
		Fiontar stáit: Faisnéis Talmhaíochta agus Ionad Gnó Tuaithe
Lucsamburg	11	An Ard-Chgireacht Slándála Sóisialta – Inspection générale de la sécurité sociale (IGSS)
		An Roinn Geilleagair Tuaithe – Service d'économie rurale (SER)
		An Stiúrthóireacht Sláinte – Direction de la Santé
Málta	1	An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Taighde Sláinte
An Ísiltír	-	---
An Iorua	8	Stiúrthóireacht Iascaigh na hIorua
		Stiúrthóireacht Inimirce na hIorua (UDI)
		Institiúid na hIorua um Thaighde Bithgheilleagair (NIBIO)
		Institiúid Sláinte Poiblí na hIorua (FHI)
An Pholainn	11	An Aireacht Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe
		An Aireacht Dlí agus Cirt
		An Aireacht Airgeadais
An Phortaingéil	5	Ard-Stiúrthóireacht Staidreamh Oideachais agus Eolaíochta na hAireachta Oideachais agus na hAireachta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Ardoideachais (DGEEC)
		Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh agus na Geolaíochta san Aireacht Comhshaoil agus Athraithe Aeráide (DGEG)

Tír	Líon iomlán na ONAnna	ONAnna roghnaithe d'athbhreithniú piaraí
		Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Ceartais na hAireachta Dlí agus Cirt (DGPJ)
		Ard-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Nádúrtha, na nAcmhainní Muirí agus na Seirbhísí Sábháilteachta in Aireacht na Farraige (DGRM)
		An Roinn Pleanála Straitéisí san Aireacht Saothair, Dlúthpháirtíochta agus Slándála Sóisialta (GEP)
An Spáinn	17	Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Anailís, Comhordú agus Staidreamh (Fo-Rúnaíocht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia), an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia
		Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Staidéar Eacnamaíoch agus Staidreamh (Ard-Stiúrthóireacht um Pleanáil Eacnamaíoch agus Buiséid; Forúnaí um Iompar, Soghluaisteacht agus Clár Oibre Uirbeach) An Aireacht Iompair, Soghluaisteachta agus Cláir Oibre Uirbigh
		Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Fhadbhreathnaitheacht, um Straitéis agus um Fhuinneamh (Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Fuinnimh agus na Mianach; An Rúnaíocht Stáit um Fhuinneamh), an Aireacht um Aistriú Éiceolaíoch agus an Dúshlán Déimeagrafach
An tSualainn	20	Gníomhaireacht Náisiúnta Oideachais na Sualainne
		Údarás Náisiúnta Maoirseachta Airgeadais na Sualainne
		Gníomhaireacht Imirce na Sualainne
		Gníomhaireacht Sláinte Poiblí na Sualainne

Foinse: Suíomh gréasáin Eurostat

(a) Liosta NSInna agus ONAnna atá freagrach as staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh mar a d'ainmnigh na Ballstáit é (nuashonraithe an 12 Deireadh Fómhair 2021) agus

(b) Liosta ONAnna [nuashonrú is déanaí Bealtaine 2021] atá ag glacadh páirt sa tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí 2021-2023

N.B.: Beidh faisnéis faoi ONAnna atá rannpháirteach sna hathbhreithnithe piaraí ar chórais staidrimh náisiúnta na Cróite, na Cipire, na Seicia, na hUngáire, na hÍoslainne, na Laitvia, Lichtinstéin, na Rómáine, na Slóvaice, na Slóivéine agus na hEilvéise ar fáil i Samhain 2022.

Giorrúcháin

AS EMPL: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú ón gCoimisiún

AS GROW: An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna ón gCoimisiún

AS SANTE: An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteachta Bia ón gCoimisiún

BCE: An Banc Ceannais Eorpach

CoD: Cúiseanna báis

CoP: Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh

CSE: An Córas Staidrimh Eorpach

ECDC: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

ECFE: An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

EDS: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

EFTA: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa

EIS: An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair

ESP: An Clár Staidrimh Eorpach

FBManna: Fiontair bheaga agus mheánmhéide

LFS: Suirbhé ar an bhfórsa saothair

NSI: Institiúid náisiúnta staidrimh

ONA: Údarás náisiúnta eile

SBS: Staidreamh Struchtúrach Gnó

Gluais

An tsochaí shibhialta: An chuid sin den tsochaí atá difriúil ó rialtas agus ó ghnó, agus atá comhdhéanta de chomhlachais agus grúpaí eile, lena léirítear leasanna coiteanna san fhearann poiblí.

Bearna sonraí: Na sonraí a theastaíonn chun críche ar leith gan a bheith ar fáil.

Córas na gCuntas Sláinte: An creat geilleagair caighdeánach do chuntasaíocht sláinte i dtíortha CSE, a úsáideann rialacha cuntasaíochta atá comhoiriúnach i dtaobh modheolaíochta le córas na gcuntas náisiúnta chun cuntais a tháirgeadh agus iad cuimsitheach, comhsheasmhach agus inchomparáideach go hidirnáisiúnta a chomhlíonann príomhriachtanais úsáideoirí.

Cúis bháis: An galar nó an díobháil a chur tús leis an tsraith teagmhas galrach a raibh an bás mar thoradh díreach orthu, nó imthosca na tionóisce nó an fhoréigin inar tharla an díobháil mharfach.

Duine dífhostaithe: Duine atá dífhostaithe agus 15 nó 16 go 74 bhliain d'aois a bheith aige nó aici, nach n-oibríonn i rith na seachtaine tagartha, atá ar fáil chun obair a dhéanamh laistigh den dá sheachtain dár gcionn (nó a bhfuil post aimsithe cheana aige nó aici, a bheidh tús leis laistigh den chéad trí mhí eile), agus an duine sin a bheith ag cuardach poist go gníomhach am éigin i rith na gceithre seachtaine roimhe sin.

Earráid chaighdeánach choibhneasta: Cruinneas staitistiúil meastacháin a thomhas. Tugann RSEnna beaga le tuiscint go bhfuil torthaí breá iontaofa ann, agus tugann RSEnna móra le tuiscint go bhfuil torthaí ann nach bhfuil chomh hiontaofa sin.

Eochairtháscairí feidhmíochta: Beart inchainníochtaithe a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid leis na príomhchuspóirí.

Fiontair bheaga agus mheánmhéide: Sainmhíniú méide a úsáidtear i gcás cuideachtaí agus eagraíochtaí eile, bunaithe ar an líon foirne atá fostaithe agus ar chritéir airgeadais áirithe. Bíonn níos lú ná 50 ball foirne i bhfiontair bheaga, agus ní bhíonn an láimhdeachas nó iomlán an chláir comhardaithe níos mó ná €10 milliún. Bíonn níos lú ná 250 ball foirne fostaithe i bhfiontair mheánmhéide, agus bíonn láimhdeachas suas le €50 milliún acu nó iomlán an chláir comhardaithe suas le €43 mhilliún.

Galracht: Staid ina bhfuil galar ag an duine.

Meiteashonraí: Sonraí a shainaithníonn agus a dhéanann cur síos ar shonraí eile.

Micreashonraí: Sonraí ar dhuine aonair, teaghlach, gnó nó eagraíocht.

Mortlaíocht mhínormálta: Méid na mbásanna mar gheall ar gach cúis de bhreis ar na básanna sin a d'fhéadfadh a bheith ann faoi dhálaí 'normálta'.

Neamhchlaontacht: Prionsabal arb é atá i gceist leis nach foláir an staidreamh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh ar shlí neodrach, agus go ndéanfar an méid sin ar bhealach go gcaitear go comhionann le gach aon úsáideoir.

Ráta caighdeánaithe mortlaíochta: Ráta mortlaíochta pobail atá coigeartaithe i gcomhréir le dáileadh aoise caighdeánach chun inchomparáideacht thar am agus idir pobail dhifriúla a fheabhsú.

Sonraí: Tacar luachanna d'athróga cainníochtúla nó cáilíochtúla, amhail fíricí nó tomhais, ónar féidir faisnéis a ghiniúint.

Úsáideoir institiúideach staitisticí: Eagraíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta, amhail rialtas náisiúnta nó banc ceannais náisiúnta, nó institiúid, comhlacht nó roinn de chuid an Aontais.

Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=62590

Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=62590

An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistíocht ó réimsí buiséadacha ar leith. Roghnaíonn agus ceapann an Chúirt na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó acu trí mhachnamh a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíonadh, an leibhéal ioncaim nó caiteachais lena mbaineann, forbairtí atá ar na bacáin agus leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta IV – Rialáil margaí agus geilleagair iomaíoch, a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt). Ba í Ildikó Gáll-Pelcz (Comhalta den Chúirt) a bhí i gceannas ar an iniúchadh, le tacaíocht ó Claudia Kinga Bara (Ceann na hOifige Príobháidí), Zsolt Varga (Ataisé na hOifige Príobháidí), Sabine Hiernaux-Fritsch (Príomh-Bhainisteoir), Athanasios Koustoulidis (Ceann Cúraim), agus Maria Isabel Quintela agus Ezio Guglielmi (Iniúchóirí). Thug Thomas Everett tacaíocht teanga.

Ildikó Gáll-Pelcz

Claudia Kinga Bara

Zsolt Varga

Athanasios Koustoulidis

Maria Isabel Quintela

Thomas Everett

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2022

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an CIE faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, déanfaidh sé an cead ginearálta thuasluaite a chur ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus cuirfear in iúl go soiléir sa chead nua má tá aon srianta ag gabháil leis an úsáid.

Má táthar ag iarraidh ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt:

Fíor 2 – Deilbhíní: Dearadh na fíoracha seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide CIE.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt Iniúchóirí orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid Lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

PDF	ISBN 978-92-847-9040-1	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/370881	QJ-AB-22-023-GA-N
HTML	ISBN 978-92-847-9076-0	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/688695	QJ-AB-22-023-GA-Q

Is earra poiblí é staidreamh na hEorpa, agus tá sé riachtanach chun cuidiú le lucht ceaptha beartais, gnólachtaí agus saoránaigh cinntí bunaithe ar fhianaise a bhaint amach. In 2012, d'fhoilsíomar tuarascáil speisialta ar cháilíocht staidreamh na hEorpa, ach in 2016 fuaireamar nár cuireadh cuid de na gníomhaíochtaí feabhsúcháin i bhfeidhm go hiomlán. San iniúchadh seo, scrúdaíomar an gcuireann an Coimisiún staidrimh ardcháilíochta Eorpacha i bhfeidhm, agus tagaimid ar an gconclúid go bhfuil a cháilíocht ghinearálta leormhaith do gheallsealbhóirí. Mar sin féin, shainaithníomar roinnt laigí, agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu fós. Déanann muid neart moltaí chun cáilíocht staidreamh an Aontais a fheabhsú. Áirítear na nithe seo a leanas leis na moltaí sin: ag teacht le riachtanais an úsáideora ar bhealach níos fearr; tosaíocht a thabhairt do chistiú an Aontais le haghaidh tionscadail nuálaíochta; feabhas a chur ar mheasúnú cáilíochta i dtaca le staidreamh Eorpach; agus athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha a ghabhann le staidreamh a réamheisiúint.

Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚRIA RATIONUM

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors